# Éireannaigh an Domhain

## Beartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra

Márta 2015

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Is mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann

**Samhlaímid pobal Éireannach domhanda atá beoga, éagsúil agus comhcheangailte, agus a bhfuil ceangal aige le hÉirinn.**

# Clár na nÁbhar


Cén Cur **Chuige Nua atá le fáil sa Bheartas seo?** **4**

**Réamhfhocail** **6**

**Réamhrá** **10**

**Cén fáth a bhfuil Athbhreithniú á dhéanamh ar an mBeartas Diaspóra?** **13**

**Cé hiad Diaspóra na hÉireann?** **16**

**An Tábhacht a bhaineann leis an Rannpháirtíocht leis an Diaspóra** **19**

**Ról an Rialtais** **23**

**Ag Tacú leis an Diaspóra** **25**
- An Clár Tacaíochta Eisimirceach 25
- Cúrsaí Leasa 27

**Ag Ceangal leis an Diaspóra** **31**
- Cur Chuige Uile-Rialtais 31
- Cur chun Feidhme 32
- Gníomhachtúchán Áitiúil i gcomhair Aimsiú Domhanda 32
- Cumarsáid 34
- Cultúr 36
- Lá Fhéile Pádraig 38
- Comórtha 39

**An Rannpháirtíocht leis an Diaspóra a Éascú** **41**
- Comhpháirtíochtaí 41
- Líonraí 43
- Ag Filleadh Abhaile 46
- Staidéar ar an Diaspóra 47

**Ag Tabhairt Aitheantais don Diaspóra** **49**
- Gradam Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin d'Éireannaigh Thar Lear 49
- An Teastas um Oidhreacht Éireannach 50

**Ag tabhairt an Bheartais Diaspóra chun Cinn** **52**
- Pobail Nua Diaspóra 52
- Rannpháirtíocht le Céimithe 53

**Iarscríbhinn 1 – Gradaim Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin d'Éireannaigh Thar Lear** **54**

**Iarscríbhinn 2 – Ballraíocht an Choiste Idir-rannaigh maidir leis na hÉireannaigh thar Lear** **55**

# Cén Cur Chuige Nua atá le fáil sa Bheartas seo?

**Is é seo an chéad ráiteas soiléir maidir le beartas Rialtas na hÉireann i leith an diaspóra ina n-aithnítear go bhfuil caidreamh tábhachtach ar leith ag Éirinn lena diaspóra, caidreamh nach mór a chothú agus a fhorbairt.**

**Sainítear ann ról an Rialtais i dtaobh na rannpháirtíochta leis an diaspóra a chur chun cinn agus a chothú ionas go ndéanfar an méid seo a leanas:**

**Tacú leo siúd a bhfuil Éire fágtha acu agus a bhfuil tacaíocht uathu nó tacaíocht de dhíth orthu;**

**Ceangal ar shlí uilechuimsitheach leo siúd ar fud an domhain, cibé cén aois iad, ar Éireannaigh iad, atá de bhunadh na hÉireann, nó a bhfuil ceangal inbhraite acu le hÉirinn, agus ar mian leo ceangal le hÉirinn agus lena chéile a choinneáil beo;**

**Cuidiú le réimse leathan gníomhaíochta ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta atá ceaptha chun tógáil ar an gcaidreamh gníomhach idir Éire agus an diaspóra agus an caidreamh sin a fhorbairt;**

**Aitheantas a thabhairt do lucht iomadúil an diaspóra agus don chion tábhachtach atá déanta agus atá fós á dhéanamh acu, ina n-aonair nó mar ghrúpa, maidir le cruth a chur ar ár gcuid forbartha agus ar ár bhféiniúlacht;**

**Teacht chun cinn chun freastal ar riachtanais atá ag athrú sa saol atá ag athrú.**

## Ag Tacú leis an Diaspóra

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Rachaimid i dtreo deontais ilbhliantúla faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach nuair is cuí (lch 26)
- Coinneoimid cúrsaí leasa i gcroílár an chur chuige atá againn maidir le saincheisteanna diaspóra (lch 27)
- Déanfaimid 1% den chistiú faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach a thiomnú don dearbhú cáilíochta (lch 27)
- Díreoimid isteach níos mó ar shaincheist mheabhairshláinte na n-eisimirceach (lch 28)
- Tacóimid le hiarrachtaí iadsan a bheidh ag fágáil ar feadh achar ama, bíodh sé fada nó gearr, a ullmhú chun tuiscint a bheith acu ar a gcinn scríbe (lch 29)

## Ag Ceangal leis an Diaspóra

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Féachfaimid chun dul i mbun oibre le Northern Irish Connections agus eagraíochtaí eile d'fhonn comhchaidreamh a chothú a rachaidh chun tairbhe oileán na hÉireann (lch 17)
- Tionólfaimid Coiste Idir-Rannach ar na hÉireannaigh Thar Lear, lena n-áirítear páirtithe leasmhara seachtracha mar is gá, chun dul i mbun oibre ar sheachadadh an Bheartais Diaspóra agus scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a théann i gcion ar na hÉireannaigh thar lear agus orthu siúd ar mian leo filleadh abhaile (lch 32)
- Déanfaimid athbhreithniú ar an mbeartas seo tar éis dhá bhliain (lch 32)
- Tacóimid le húdaráis áitiúla agus iad ag sainaithint lucht diaspóra a gceantair féin agus ag déanamh teagmhála leo (lch 33)
- Cuirfimid feabhas ar an gcumarsáid agus ar an gcomhcheangal idir Éire agus a diaspóra. Beidh an chumarsáid idir muid féin agus an diaspóra ina cuid lárnach den rannpháirtíocht sin (lch 34)
- Tacóimid le tuairisciú na meán ar scéalta faoi dhiaspóra na hÉireann trí Chiste Meán Éireannaigh an Domhain (lch 35)
- In 2015, lorgóimid comhpháirtithe oiriúnacha chun tabhairt faoin threoirchéim thosaigh tionscnaimh atá dírithe ar neartú a dhéanamh ar na ceangail atá ag Éirinn le daoine óga, nár rugadh in Éirinn, i measc dhiaspóra na hÉireann (lch 38)
- Osclóimid an Clár Tacaíochta Eisimirceach do thionscadail lena dtreisítear na ceangail leis an diaspóra agus lena gcothaítear tuiscint níos doimhne ar Éirinn ar fud an domhain trí chomóradh príomh-imeachtaí i stair na hÉireann, Éirí Amach 1916 ina measc (lch 39)

## An Rannpháirtíocht leis an Diaspóra a Éascú

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Spreagfaimid eagraíochtaí de chuid na bpobal Éireannach chun caighdeáin dearbhaithe cáilíochta atá deimhnithe ar bhonn neamhspleách a bhaint amach agus tacóimid leo ina leith sin (lch 41)
- Tionólfaimid Fóram Saoránachta Éireannaigh an Domhain in Éirinn in 2015, chun plé a dhéanamh ar na dúshláin atá le sárú ag na hÉireannaigh thar lear, agus chun glór na ngnáth-eisimirceach Éireannach a thaifeadadh (lch 42); beidh sé sin á chomhlánú trí mhol d'eagraíochtaí Éireannacha ar fud an domhain, ag tosú leo siúd atá cistithe faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach (lch 43)
- Tionólfaimid an ceathrú cruinniú d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, i bhformáid úr, ón 19 – 21 Samhain, ina mbeidh níos mó eagraíochtaí in Éirinn páirteach, mar aon le níos mó ban agus níos mó daoine óga (lch 44)
- Eagróimid cruinnithe Líonraí Réigiúnacha ar bhonn níos minice agus níos struchtúraithe (lch 44)
- Tacóimid le líonraí gnó chun cuidiú le muintir na hÉireann ionas go mbeidh rath orthu sa bhaile agus thar lear (lch 45)
- Díreoimid ar níos mó deiseanna a chruthú mar chuid den téarnamh geilleagrach ionas gur féidir leo siúd a d'fhág an tír mar gheall ar chúrsaí airgid filleadh abhaile (lch 46)
- Tacóimid le hiarrachtaí chun leas a bhaint as Éirinn mar mhol le haghaidh taighde ar acmhainneacht agus réimse teagmhála diaspórái agus le haghaidh cur i bhfeidhm praiticiúil taighde den sórt sin (lch 47)

## Ag tabhairt Aitheantais don Diaspóra

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Spreagfaimid Éireannaigh, eagraíochtaí Éireannacha agus pobail Éireannacha chun páirt a ghlacadh sa phróiseas ainmniúcháin i gcomhair Ghradaim Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin (lch 49)
- Tabharfaimid faoi mheasúnú ar fheidhmiú scéim an Teastais um Oidhreacht Éireannach (lch 50)

## Ag tabhairt an Bheartais Diaspóra chun Cinn

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Tacóimid leis an taighde ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar lucht an diaspóra agus ar a gcuid riachtanas (lch 17)
- Cinnteoimid go bhfreastalóidh an beartas diaspóra ar riachtanais atá ag athrú (lch 52)
- Bunóimid ceangal le pobail diaspóra nua (lch 52)
- Seolfaimid ciste dúshláin do chéimithe chun síolchistiú a chur ar fáil do thionscnaimh chomhoibritheacha nua arna mbunú ag institiúidí Éireannacha chun díriú ar a gcuid céimithe, idir Éireannaigh agus dhaoine nach Éireannaigh iad, atá ag obair ar fud an domhain (lch 53)

# Réamhfhocail



Cuirtear go mór le guth an náisiúin bhig seo de bharr go bhfuil na milliúin daoine ar fud an domhain a rugadh in Éirinn, ar de shliocht Éireannach iad nó a bhfuil bá acu le hÉirinn. Cuid thábhachtach is ea an diaspóra dár scéal mar náisiún. Tá lucht an diaspóra ina gcuid dár bhféiniúlacht mar phobal, dá bhfuil bainte amach againn agus de na háiteanna ar thriallamar orthu ar an domhan seo.

Is ann dóibh mar gheall ar scéal fada na heisimirce, eisimirce nárbh ann don dara rogha ina leith i gcás a lán daoine.

Agus muid ag teacht isteach san aonú haois is fiche shíleamar go raibh ré na heisimirce curtha dínn againn. Ach le tobchliseadh geilleagrach na bliana 2008, fágadh muintir na hÉireann, agus go háirithe an t-aos óg, gan na poist agus na deiseanna sa bhaile atá tuillte acu.

Ó thús a théarma oifige, rinne an Rialtas seo cinneadh straitéiseach an t-am agus na hacmhainní is gá a infheistiú chun clú na hÉireann a athshlánú ar bhonn idirnáisiúnta. Níorbh éasca an cúram é sin a bhí orainn, ná baol air.

Ach creidim gur léir gur oibrigh an straitéis agus gur bhfiú an iarracht ollmhór a bhí ag teastáil chun í a chur chun feidhme. Tá ár ngeilleagar ag teacht chuige féin go stuama. Is a bhuíochas le muintir na hÉireann an téarnamh sin, agus a bhuíochas leis na híobairtí a rinneadh chun geilleagar na hÉireann a chur ar ais ar bhonn slán.

Tá deiseanna á gcruthú againn do mhuintir na hÉireann anseo arís eile agus ba mhaith linn go mbeidís in ann teacht abhaile.

Leis an gcinneadh a rinne mé Jimmy Deenihan a cheapadh mar an chéad Aire Gnóthaí Diaspóra de chuid na hÉireann, léirítear an bhéim ar leith a leagann an Rialtas ar an rannpháirtíocht leo siúd a d'fhág Éire agus leis na daoine de bhunadh na hÉireann ar fud an domhain. Trí Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, bhíomar in ann daoine tábhachtacha den lucht tionchair a thabhairt le chéile agus iad ar fad dírithe ar théarnamh na hÉireann a neartú. Tá an Rialtas tiomantas d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar Líonra Éireannaigh an Domhain.

Is tábhachtach an rud é lucht an diaspóra a áireamh inár measc féin ar a lán cúiseanna, agus clúdaíonn na cúiseanna sin réimse ó thacú leo siúd atá leochaileach go dtí cruthú nasc cultúrtha chomh maith le deiseanna a chruthú le haghaidh infheistíochta agus post.

I mBeartas Diaspóra na hÉireann, cuirtear i bhfeidhm réimse tionscnamh lena gcuirfear feabhas ar an gcaoi ina mbunaímid ceangal leis na hÉireannaigh thar lear, agus cuirfear deiseanna chun cinn faoin mbeartas dóibh siúd ar mian leo filleadh abhaile.

Le foilsiú an chéad ráitis chuimsithigh seo ar Bheartas Diaspóra na hÉireann, áiritheofar go mbeimid seasta ag tógáil ar an gceangal atá againn leis an diaspóra ar gach leibhéal ar fud an rialtais, agus ag neartú an chaidrimh sin.

**Enda Kenny T.D.**
*An Taoiseach*



Cibé áit a bhfuil siad imithe ar fud an domhain, tá muintir na hÉireann tar éis cion dearfach a dhéanamh ar son na bpobal inar roghnaigh siad cur fúthu.

I gcás a lán daoine, rud dearfach a bhí san eisimirce, as ar tháinig eispéiris agus deiseanna nua. Tugadh dúshlán daoine eile de bharr na heisimirce, agus aithnímid an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a chur ar fáil dár gcuid eisimirceach is leochailí.

Téann an caidreamh atá againn leis an diaspóra i bhfad níos faide ná cúrsaí leasa amháin, áfach. De bharr líon na ndaoine atá sa diaspóra dár gcuid, tá réimse teagmhála agus guth againn ar fud an domhain ar mór le náisiúin eile dúinn iad. Bhí an t-ádh orainn a bheith in ann a tharraingt ar thaithí agus saineolas na ndaoine sin chun na deacrachtaí geilleagracha a bhí againn le déanaí a shárú agus an tír seo a chur ar ais ar a cosa agus poist á gcruthú inti.

Táimid tiomanta don iarracht atá ar bun againn cuidiú le daoine dul ar ais ag an obair trí mheán ár bPlean Gníomhaíochta do Phoist agus na straitéise Pathways to Work. Tá torthaí na straitéisí sin le sonrú anois nuair atá tuilleadh post lánaimseartha, agus tuilleadh post níos fearr, á gcruthú, agus líon na ndaoine dífhostaithe ag laghdú.

Dá bharr sin, tá deiseanna fostaíochta ar fáil dár gcuid eisimirceach ar mian leo teacht abhaile – agus ba mhaith linn iad a fheiceáil ag teacht ar ais.

Is tábhachtach an rud é go gcothóimid agus go bhforbróimid an ceangal atá againn le hÉireannaigh, le daoine de bhunadh na hÉireann agus leo siúd a bhfuil cuid dár bhféiniúlacht chultúrtha agus dár n-oidhreacht acu. Mar sin, is mór agam go bhfuil an chumarsáid ina téama lárnach sa Bheartas seo, agus ní mór dúinn a chinntiú go mbeimid réamhghníomhach maidir le láimh a shíneadh amach chuig na hÉireannaigh thar lear chun an caidreamh eadrainn a neartú.

Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh caidreamh fuinniúil againn i gcónaí leis an diaspóra, caidreamh ar féidir linn é a athrú chun freastal ar riachtanais atá ag athrú. Agus ár dtéarnamh geilleagrach á neartú againn, táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leis an diaspóra lena chinntiú go mbeidh todhchaí na hÉireann slán dá muintir ar fad.

Tá na craenacha le feiceáil uainn arís; tá na poist a bhfógairt. Tá glúin daoine réidh le teacht abhaile go dtí Poblacht ina bhfuil an comhionannas i réim, ina bhfuil deiseanna le tapú, agus ina bhfuil dóchas, físeanna, agus seansanna úra.

Is chuige sin atáimid ag obair.

**Joan Burton T.D.**
*An Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí*



Is casta agus is fadbhunaithe an caidreamh atá ag Éirinn lena diaspóra. Is ann don chaidreamh sin ón tráth sular bunaíodh an Stát, agus tá a rian le sonrú i ngach cearn den domhan. Ba mhaith liom gur caidreamh é a bheadh ina cheann dearfach do chách – iad siúd sa bhaile agus iad siúd thar lear; daoine a d'imigh ar eisimirce le déanaí agus iad siúd a d'fhág a sinsir an tír seo céad bliain ó shin nó níos mó.

Cé go bhfuil an beartas seo ar an gcéad léargas cuimsitheach riamh ar rannpháirtíocht an Rialtais leis an diaspóra, léirítear go soiléir ann an caidreamh fadbhunaithe, saibhir idir Éire agus na hÉireannaigh thar lear.

Mar is amhlaidh i gcás caidreamh láidir ar bith, is ilghnéitheach í an rannpháirtíocht sin, agus aithnítear léi nach grúpa aonchineálach é an diaspóra ach dream daoine atá chomh héagsúil leis an bpobal féin. Sócmhainn atá againn agus freagracht atá orainn araon is ea an diaspóra. I gcás roinnt daoine, rud dearfach amach is amach a bhí san aistear a rinne siad, ach fuair daoine eile crá croí agus briseadh croí de bharr na heisimirce.

Féachtar sa bheartas seo le haitheantas a thabhairt don chion ollmhór atá déanta ag lucht diaspóra na hÉireann ar éirigh leo thar lear. Iad siúd ar mian leo rud éigin a thabhairt ar ais d'Éirinn, tá sé sin déanta acu ar bhealaí iomadúla, lena n-áirítear trí Líonra Éireannaigh an Domhain agus trí Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain. Trí chairde thar lear a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn, trí ghnólachtaí a chur ar bun anseo, agus tríd an saibhreas a bhaineann le cultúr na hÉireann a chur ar a súile do dhaoine ina gcuid tíortha aíochta, tá a gcion déanta ag Éireannaigh ar fud an domhain maidir le téarnamh na hÉireann le blianta beaga anuas, agus maidir le hathshlánú a dhéanamh ar chlú na hÉireann agus ar a hionad sa domhan tar éis tréimhse ina cuireadh ár ndúshlán de bharr fadhbanna geilleagracha nach bhfacthas a leithéid roimhe seo.


Tosaíocht don Rialtas is ea cás na ndaoine nár réitigh an eisimirce leo. Coinneoimid riachtanais na n-eisimirceach Éireannach i gcroílár ár rannpháirtíochta tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach. Trí bhíthin Fhóram Saoránachta Éireannaigh an Domhain a bheidh á thionól i mbliana, beimid in ann tógáil ar an obair a dhéanann an Clár Tacaíochta Eisimirceach, chun cuidiú linn comhroinnt a dhéanamh ar smaointe agus ar cheachtanna atá foghlamtha ag na heagraíochtaí a bhíonn ag obair gan staonadh sa réimse sin, agus chun éisteacht le guthanna na ngnáth-eisimirceach Éireannach.

Tá an chomhcheangailteacht ar cheann de na téamaí is tábhachtaí ar fud an Bheartais seo. Beidh ár líonra ambasáidí agus consalachtaí ar fud an domhain ag leanúint dá gcuid oibre for-rochtana i leith an diaspóra agus iad i mbun rannpháirtíochta le pobail Éireannacha. Tógfaimid ar an bhfor-rochtain sin trí leas a bhaint as deiseanna nua teicneolaíochta, a bhfuil athrú ó bhonn déanta acu le blianta beaga anuas ar an gcumas a bheith i dteagmháil agus a bheith comhcheangailte.

Tríd an Mol d'Éireannaigh an Domhain atá againn do na hÉireannaigh thar lear, cuirfear tairseach ar fáil don diaspóra – áit ar leith inar féidir faisnéis a aimsiú ar sheirbhísí tacaíochta, oidhreacht na hÉireann, an teagmháil a chothú, gnó agus oideachas, líonraí Éireannacha a aimsiú i dtíortha eile, agus faisnéis faoi fhilleadh ar Éirinn. Spreagaimid iad siúd a rugadh in Éirinn agus iad siúd de bhunadh na hÉireann chun a gcuid ainmneacha a chlárú ar an Mol i gcomhair nuachtlitir Éireannaigh an Domhain, a eiseofar ar bhonn rialta agus ina mbeidh nuacht agus eolas faoina bhfuil ar siúl in Éirinn thar réimse earnálacha, agus scéalta ó phobail Éireannacha ar fud an domhain.

Cuimsíonn an Beartas Diaspóra seo raon beart, idir bheag agus mhór, chun an eisimirce a fhágáil níos éasca ag gach céim den aistear ó thráth an ullmhaithe agus an saol thar lear go dtí filleadh abhaile chuig geilleagar atá faoi bhláth, mar atáthar ag súil a bheidh amhlaidh i gcás a lán daoine. Ón tráth a foilsíodh an chéad Phlean Gníomhaíochta Bliantúil do Phoist in 2012, tá 80,000 post cruthaithe agus tá sé ina sprioc ag an Rialtas lánfhostaíocht a chur ar fáil faoi 2018, lena gcuirfear cuid mhór deiseanna ar fáil d'eisimircigh a bheidh ag filleadh chun poist a fháil in Éirinn.

**Charles Flanagan T.D.**
*An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*



Táim ag obair i gcomhar le hoifigigh ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar an mbeartas seo a chur i dtoll a chéile ó ceapadh mé i mo chéad Aire Gnóthaí Diaspóra de chuid na hÉireann ar an 11 Iúil 2014. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne an tIar-Thánaiste Eamon Gilmore, T.D, a thionscain an t-athbhreithniú seo ar bheartas diaspóra ag Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain i nDeireadh Fómhair 2013.

Iarradh aighneachtaí ar pháirtithe leasmhara sa bhaile agus thar lear agus fuarthas breis is 130 aighneacht ar fad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan ar fad a chuir aighneachtaí i láthair agus leis na heagraíochtaí agus na daoine ar fad a raibh plé agam leo anseo in Éirinn agus le linn mo chuairteanna ar na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, an Astráil, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Mhalaeisia agus an Fhrainc. Chuir a gcuid tuairimíochta le forbairt an bheartais seo.

Bíonn an eisimirce i gcónaí ina gné den saol ar oileán, agus is amhlaidh atá i gcás na hÉireann. Tá daoine ag teacht go hÉirinn agus ag imeacht aisti ón 17ú céad i leith, i ndiaidh an Ghorta Mhóir go háirithe agus le linn tréimhsí móra eisimirce ina dhiaidh. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na ndaoine atá ag imeacht, rud is cúis ríméid dúinn, chuaigh an eisimirce i bhfeidhm ar gach teaghlach in Éirinn tráth éigin. Is cuid de scéal na tíre í, agus cuid de mhianach na ndaoine. I mbeagán focal, tá sí ina cuid dár dtuiscint orainn féin.

Tá líon mór daoine ina gcónaí thar lear a rugadh in Éirinn nó ar de bhunadh na hÉireann iad; is iad sin Éireannaigh an domhain. Go deimhin, bhí na daoine féin ariamh ar an acmhainn is tábhachtaí de chuid na hÉireann, agus is maith mar a aithníonn Rialtas agus muintir na tíre an cion luachmhar atá déanta ag ár bpobal thar lear ar son na hÉireann riamh anall, agus is mór an meas atá acu air. Le foilsiú an bheartais seo, léirítear arís eile an bhéim a leagann an Rialtas ar ár gcaidreamh leo.

Tríd an mbeartas, cuirfear chun cinn agus coinneofar slán ár gcuid iarrachtaí leanúnacha chun tacú le pobal Éireannaigh an domhain, pobal atá beoga, éagsúil agus comhcheangailte, agus a bhfuil ceangal aige le hÉirinn. Cinnteoimid go mbeidh leas dóibh siúd óna dteastaíonn sé fós ag croílár na hoibre a dhéanaimid, agus beimid ag obair freisin chun tacú leis na gnéithe iomadúla eile de chultúr na hÉireann lena gceanglaítear le chéile muid, an ceol, an spórt agus an Ghaeilge ina measc.

Moltar sa bheartas seo roinnt gníomhartha lena neartófar an ceangal idir an diaspóra agus Éire. Beidh sé á chur i bhfeidhm agus á chur chun cinn ag Aireacht ar leith a bhaineann le Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála araon, rud a chinnteoidh go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach é. Déanfaidh mé cathaoirleacht ar Choiste Idir-Rannach a chinnteoidh go mbeidh cur chuig uile-rialtais ann maidir le cúrsaí diaspóra.

Cé go leagtar béim mhór sa bheartas ar chúrsaí leasa, go háirithe dóibhsean a bhfuil dúshláin le sárú acu agus atá leochaileach, tá roinnt gníomhartha molta ann lena ndéanfar neartú arís eile ar an gceangal idir Éire agus an diaspóra. Spreagfar údaráis áitiúla lena gcuid líonraí gnó diaspóra féin a chur ar bun agus na hOifigí Fiontair Áitiúil mar phointe fócais acu. Déantar foráil freisin sa bheartas seo do chiste dúshláin alumni chun síol-chistiú a chur ar fáil do chomhthionscnaimh úra ó institiúidí oideachais na hÉireann chun díriú ar a gcuid céimithe, idir Éireannaigh agus dhaoine nach Éireannaigh iad, atá ag obair ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, in 2015 tabharfar isteach tionscnamh nua, 'Fréamhacha', chun deis a thabhairt do dhaoine óga i measc dhiaspóra na hÉireann cuairt ghearr a thabhairt ar Éirinn d'fhonn iad féin a thumadh i stair agus i gcultúr na hÉireann, lena chinntiú go gcoinneofar beo an ceangal atá acu leis an tír seo.

Cuirimid fáilte roimh thuairimí faoin mbeartas seo agus freagraí air. Cinnteoidh mé go dtiocfaidh athrú agus forbairt air chun freastal ar riachtanais a bhíonn ag síorathrú.

**Jimmy Deenihan T.D.**
*An tAire Stáit um Ghnóthaí Diaspóra*

# Réamhrá

**Tá bá ag na hÉireannaigh lena chéile nach bhfuil srianta ná sainithe ag cúinsí áite ná ag cúinsí ama. Tá an ráiteas seo, arb é an chéad ráiteas cuimsitheach a rinneadh riamh faoi bheartas diaspóra na hÉireann, bunaithe go dlúth ar Alt 2 de Bhunreacht na hÉireann, ina sonraítear gur *"mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann"*. Ní fhéadfadh ráiteas níos soiléire a bheith ann faoin tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh idir Éire agus ár ndiaspóra.**

**Thar na glúine, b'éigean do líon mór de mhuintir na hÉireann a dtír a fhágáil chun cur fúthu in áit éigin eile agus a saol a chaitheamh ansin. Ach is láidir, buan í an tsnaidhm idir na daoine a d'fhan anseo agus iad siúd a d'imigh. Thairis sin, cibé áit a chuaigh siad, ceann de na rudaí is túisce a rinne na heisimircigh Éireannacha ná Éireannaigh eile a aimsiú agus pobail nua tacaíochta agus dlúthpháirtíochta lena chéile a thógáil.**

De bharr eisimirce ar an scála sin a bheith ar siúl ar feadh na nglún, síneann náisiún na hÉireann i bhfad thar theorainneacha ár stáit bhig féin ar an oileán seo. Cé gur stát muid nach bhfuil ann ach ceithre go leith milliún duine agus cé nach bhfuil ach thart ar sé mhilliún duine ar oileán na hÉireann, creidtear go bhfuil suas le 70 milliún duine ar fud an domhain a éilíonn gur de shliocht agus dúchas na hÉireann iad.

Tá clú agus réimse teagmhála ag Éirinn ar mór le náisiúin eile dúinn iad de bharr a bhfuil déanta ag glúine i ndiaidh a chéile de na hÉireannaigh thar lear. Mar sin féin, níl aon amhras ann ach go bhfuil an dearcadh ann fós i leith na heisimirce gur caillteanas d'Éirinn í. Samhlaítear go mór leis an eisimirce caillteanas daoine óga, lena gcuid fuinnimh, a gcuid nuála agus an cumas atá acu athraithe a spreagadh, cé gurb amhlaidh go gcruthaítear an iliomad deiseanna nua de bharr na hinimirce ina gcás siúd a imíonn. I gcás daoine eile, cuirtear a ndúshlán de bharr na heisimirce agus bíonn tacaíocht ag teastáil uathu. Baineann ár mbeartas diaspóra náisiúnta le gach ceann de na grúpaí sin.


Tá cion mór déanta ag an diaspóra maidir le gach gné d'fhorbairt na hÉireann – ó thaobh an chultúir, na sochaí agus an gheilleagair. Le blianta beaga anuas, nuair a bhí an ghéarchéim gheilleagrach faoi lán seoil, bhíomar in ann tarraingt ar a gcuid scileanna a gcuid saineolais chun dul i ngleic leis an iomaí dúshlán a bhí le sárú againn.

Filleann go leor eisimirceach ar an tír seo, agus is minic iad ag tabhairt ar ais leo éagsúlacht shaibhir taithí is bun le cion luachmhar freisin.

De réir mar a leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag díriú ar ár dtéarnamh geilleagrach agus ar chruthú post, beidh níos mó deiseanna le tapú ag ár n-eisimircigh chun filleadh ar an mbaile, agus beimid á gcur ar an eolas faoi na deiseanna sin.

Cé go n-aithnítear Éire mar cheannaire sa rannpháirtíocht leis an diaspóra, is iomchuí agus is tráthúil é go ndéanfaidh an Rialtas ár gcaidreamh lenár ndiaspóra a mheas anois agus go sainaithneoidh sé tosaíochtaí soiléire dár rannpháirtíocht leo sa todhchaí, agus é á aithint aige gur sócmhainn atá againn agus freagracht atá orainn araon is ea an diaspóra.

Sonraítear sa doiciméad seo go bhfuil "cúrsaí leasa i gcroílár ár mbeartais eachtraigh". Is amhlaidh atá, ach téann an caidreamh atá againn leis na hÉireannaigh thar lear i




Cinn Scríbe na nEisimirceach Éireannach 2009-2014
*Foinse: CSO*

— An Ríocht Aontaithe — AE15 seachas Éire agus an Ríocht Aontaithe
— Stáit AE15 - AE28 — Na Stáit Aontaithe
— Ceanada — An Astráil — Tíortha eile (23)

bhfad níos faide ná cúrsaí leasa amháin. Daoine is ea na hÉireannaigh thar lear a mbíonn rath orthu, agus is daoine seiftiúla, cruthaitheacha iad. Tá teaghlaigh agus gnólachtaí cruthaithe acu, agus d'fhéadfaí fiú a rá go bhfuil tíortha tógtha acu. Is iomaí Éireannach thar lear ar a bhfuil sé de chumas agus ag a bhfuil an mhian páirt a ghlacadh sa téarnamh agus san fhás atá fós ar bun in Éirinn, agus ba mhaith linn a bheith ag obair leo.

Is sa bhaile a thosaíonn an cúram atá orainn an caidreamh lenár ndiaspóra a threisiú. Ní fhágann sin go bhfuil ordlathas tábhachta éigin i bhfeidhm maidir leis na grúpaí éagsúla Éireannach sa bhaile agus thar lear – a mhalairt ar fad, chun caidreamh dáiríre a chothú idir na hÉireannaigh in Éirinn agus iad siúd atá thar lear, ní mór go mbeadh an caidreamh sin bunaithe ar an gcomhionannas agus ar mheas a bheith againn ar a chéile.

Féachtar sa bheartas seo chun tógáil ar an tuiscint nua sin ar an tábhacht a bhaineann lenár ndiaspóra agus le ceangail níos dlúithe a bhunú idir muid féin agus iad. Leagtar amach ann an fáth a ndearnadh athbhreithniú ar an mbeartas diaspóra agus cuid de na torthaí is tábhachtaí ón bpróiseas sin. Aithnítear go soiléir ann réimsí le haghaidh gníomhaíochta rialtais agus téamaí ar gá tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Níl sé ina chuspóir ná ní bheartaítear go mbeadh an beartas ina dhoiciméad tagartha uilechuimsitheach – is amhlaidh gur cheart é a léamh mar threoir don obair atá romhainn.

Glacann Éire le sainmhíniú leathan ar an diaspóra, lena n-áirítear imircigh Éireannacha thar lear, anois agus san am atá caite, agus a sliocht thar lear. I gcás a lán daoine, tá na ceangail le hÉirinn ina ngné shuntasach dá bhféiniúlacht phearsanta, is cuma cé mhéad glúin dá muintir a bhí ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn. Ar ndóigh, bíonn lucht an diaspóra i gcónaí ag athrú, idir a líon, an áit ina bhfuil siad agus an ceangal atá acu le hÉirinn. Tá sé ina aidhm ag an mbeartas treochtaí atá ag teacht chun cinn laistigh den diaspóra a shainaithint, a mhéad is féidir é sin a dhéanamh i bhfianaise na mbearnaí atá sna sonraí faoi láthair, d'fhonn beartas a threorú agus cláir a cheapadh chun freastal ar riachtanais agus roghanna an diaspóra agus chun riachtanais amach anseo a thuar.

Trí ghéarchéimeanna polaitiúla agus geilleagracha, bhí muintir an náisiúin, lena n-áirítear gach duine a bhraitheann go bhfuil ceangal aige nó aici le hÉirinn, ag obair le chéile chun tairbhe an Stáit agus chun a dtairbhe siúd a bhfuil cónaí orthu ann. Thug siad uathu ar ais gan stop gan staonadh. Sa bhabhta is déanaí eisimirce as Éirinn, nuair a d'fhág 240,000 Éireannach an Stát, bhí roinnt tréithe difriúla le sonrú seachas iadsan a bhain le glúine eisimirceach roimhe sin. Cé gur bhog líon nach beag eisimirceach go dtí an Ríocht Aontaithe, is léir go bhfuil an Astráil tagtha chun cinn mar an ceann scríbe tosaigh do go leor daoine. Bhí na daoine a d'fhág Éire ar na heisimircigh is mó a raibh oideachas orthu a d'imigh as an tír, agus bhí oideachas tríú leibhéal ar bheagnach a leath. Chomh maith leis sin, tá siad ar na heisimircigh is láidre a gceangal le hÉirinn, toisc go bhfágann an teicneolaíocht chumarsáide nua-aimseartha gur féidir leo bheith i dteagmháil lena dteaghlach agus a gcairde, agus coinneáil suas leis an nuacht Éireannach agus na meáin Éireannacha.

San am atá caite, bhí an dearcadh ina leith siúd a d'fhág Éire go raibh pianbhreith shaoil gearrtha orthu, go háirithe ina súile siúd a bhí fágtha ina ndiaidh. Ní hamhlaidh atá a thuilleadh agus tá an dearcadh i leith na heisimirce athraithe, mar aon le nádúr na heisimirce féin. Eisimircigh an lae inniu, áfach, amhail iadsan ó bhabhtaí eisimirce roimhe seo, ní grúpa aonchineálach iad. Ionas go mbeidh an beartas Rialtais ábhartha i gcónaí, ní mór go léireofaí an éagsúlacht sin ann.

Tá guthanna na ngnáth-eisimirceach Éireannach agus a sleachta le haimsiú ar fud an bheartais seo. Oibreoimid chun leanúint ar aghaidh ag breacadh síos a gcuid scéalta chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndeachaigh an eisimirce i bhfeidhm ar ár n-eisimircigh, agus chun beartas an Rialtais a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas.



# Karen agus Robert Hennessy
# Perth
# An Astráil

**I mí Aibreáin 2008, d'fhágamar slán ag Éirinn chun dul ag taisteal ar fud an domhain. An tráth sin, bhí Karen ag obair mar mhúinteoir corpoideachais i Mullach Íde, Baile Átha Cliath agus bhí Robert ina innealtóir sibhialta sa sráidbhaile céanna sin ar an gcósta. Thuirlingíomar san Astráil ar víosa Saoire Oibre i mí Iúil na bliana céanna sin, agus é ar intinn againn dul i mbun oibre chun airgead a shábháil i gcomhair an turais abhaile. Tar éis na géarchéime airgeadais domhanda, thuigeamar nach mbeadh deiseanna oibre le fáil dúinn in Éirinn dá bhfillfimis abhaile, agus mar sin chaitheamar seal ag dul ó víosa amháin go ceann eile.**

Tar éis gur tháinig ár n-iníon Laoise ar an saol in 2010, bhunaigh Karen, mar aon le seanchara léi ó Éirinn, Eimear Beattie, grúpa neamhbhrabúis ar a dtugtar Teaghlaigh na hÉireann in Perth chun ceangal a bhunú le máithreacha eile in Perth agus córas tacaíochta sóisialta a chur ar bun ina gcuirfí béim ar oidhreacht na hÉireann a chothú do pháistí na ndaoine a bhí tagtha ar imirce le déanaí. In 2013, rinne siad athbhunú ar Pharáid Lá Fhéile Pádraig in Perth, paráid a bhí imithe i ndíomhaoine. Fuair Rob post le cuideachta mhór foirgníochta mar Bhainisteoir Tógála agus bhíodh sé ag obair as baile uaireanta, mar aon le bheith ina bhall de choiste Lá Fhéile Pádraig.

Tá ár n-iníon ceithre bliana d'aois anois agus níl aon phleananna láithreacha againn bogadh ar ais go hÉirinn, ach téann muid abhaile uair sa bhliain chun cuairt a thabhairt ar ár dteaghlaigh agus ár gcairde. Braithimid go bhfuil ceangal láidir againn le hÉirinn trí mheán ár gcuid oibre sa phobal Éireannach; ach tuigimid gur san Astráil a bheidh cónaí orainn go ceann i bhfad.


## "Tar éis na géarchéime airgeadais, thuigeamar nach in Éirinn a bheadh na deiseanna le tapú"

# Cén fáth a bhfuil Athbhreithniú á dhéanamh ar an mBeartas Diaspóra?

I bhfianaise scéal na heisimirce i stair na hÉireann, bhí an caidreamh leis an diaspóra i gcónaí ina chuid dár saol polaitiúil, sóisialta agus geilleagrach. Is léir go bhfuil aitheantas níos mó tugtha don mhéid sin le deich mbliana nó cúig bliana déag anuas. Mar shampla amháin, is in 1998 a cuireadh an ráiteas faoin gcoibhneas leis an diaspóra isteach sa Bhunreacht, sa tréimhse i ndiaidh shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta.

In 2002, foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa ar Bheartas maidir le hEisimircigh, grúpa comhairleach neamhspleách ar bhunaigh an Rialtas é. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil, ar cuireadh a lán díobh san áireamh i gcinntí. Mar shampla, ar bhonn na Tuarascála ón Tascfhórsa, bhunaigh an Rialtas an tAonad um Éireannaigh Thar Lear laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus bhunaigh sé an Clár Tacaíochta Eisimirceach chun tacú le heagraíochtaí a chuidíonn le heisimircigh. Is ann fós do na struchtúir sin chun tacú le pobail Éireannacha ar fud an domhain agus a bheith rannpháirteach leo.

In 2009 agus in 2010, mar fhreagra ar an ngéarchéim gheilleagrach, bunaíodh Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain agus Líonra Éireannaigh an Domhain. Trí mheán an Fhóraim agus an Líonra, cuirtear meicníochtaí ar fáil do roinnt de na hÉireannaigh thar lear is mó a bhfuil rath orthu chun ceangal a bhunú le hÉirinn agus bealaí a aimsiú chun cuidiú le téarnamh agus forbairt gheilleagrach na hÉireann.




Inimirce, Eisimirce, agus Imirce Ghlan 2007-2014
*Foinse: CSO*

Is mór an t-athrú atá tarlaithe le deich mbliana anuas ó bunaíodh an tAonad um Éireannaigh thar Lear. Tá trí athrú go háirithe a raibh tionchar acu ar an athbhreithniú beartais seo.

(i) In 2004, creideadh go raibh deireadh tagtha leis an eisimirce as Éirinn, nó ar a laghad bhíothas ag súil go raibh deireadh leis. Ní hamhlaidh a bhí, agus ó chuaigh an ghéarchéim gheilleagrach i bhfeidhm orainn, tá breis is 240,000 Éireannach imithe as an tír. Cé gurbh amhlaidh in 2004 go rabhamar ag féachaint ar bhealaí chun ceangal a bhunú leo siúd a d'fhág Éire ina mílte i nglúine roimhe seo, agus tacú leo, faoi 2008 bhí an eisimirce ó Éirinn faoi lán seoil arís. **Is saincheisteanna oidhreachta agus saincheisteanna beo araon iad cinn na heisimirce agus an diaspóra.**

(ii) **Tá cúrsaí cumarsáide tagtha chun cinn go mór sa tréimhse sin.** Ní raibh modhanna cumarsáide móibílí an lae inniu agus an fháil choitianta ar na meáin shóisialta ach ag tosú an tráth úd – bunaíodh Facebook agus an tAonad um Éireannaigh Thar Lear sa bhliain chéanna, níor bunaíodh Skype ach bliain roimhe sin, agus níorbh ann go fóill do líonraí agus uirlisí eile, ar nós Twitter. Tá réabhlóid chumarsáide tarlaithe le deich mbliana anuas, agus is le linn na réabhlóide sin a tharla an babhta nua eisimirce ar scála mór ó Éirinn. Is dúshlán don Rialtas é leas a bhaint as na bealaí nua cumarsáide, go háirithe maidir le cumarsáid dhá bhealach níos fearr le heisimircigh a d'fhág an tír le déanaí.


(iii) **Le ceapadh Aire Gnóthaí Diaspóra** den chéad uair riamh in Éirinn, leagadh béim ar fhreagracht an Rialtais ina iomláine as an gcaidreamh leis an diaspóra a bhainistiú. Déantar é sin a neartú a thuilleadh trí leithdháileadh acmhainní saintiomnaithe i Roinn an Taoisigh.

Is ina chomhthéacs sin ar fad atá an chéad ráiteas soiléir á chur ar fáil maidir le beartas an Rialtais i leith an diaspóra.

Ní dhéanfar an diaspóra a chruthú ná a shainiú trí bheartas diaspóra. Is é an rud is féidir linn a bhaint amach trí bhíthin an bheartais seo ná cion a dhéanamh maidir le gníomhachtú agus spreagadh na nÉireannach thar lear, agus an bhraistint gur cuid de phobal iad a chur chun cinn.



*An tAire Deenihan agus é ag bualadh leis an tSiúr Romanus Dee, an tSiúr Patricia O'Sullivan, an tSiúr Maureen Lovett agus an tSiúr Lucilla Prendiville, Siúracha Eoin Dé in Subiaco, atá in Perth na hAstráile*



# Bill Moore
# Melbourne
# An Astráil

**Chuaigh mé ar eisimirce go dtí an Astráil in 1952 tar éis dom seal a chaitheamh i Sasana agus mé ag obair in earnáil na tógála. Bhí mise ar an duine ab óige i measc ceithre pháiste dhéag agus bhí beirt de mo chuid deartháireacha imithe go dtí Melbourne. Mhol siadsan domsa dul amach ansin in éineacht leo. Thriail mé ar an Astráil ó Southampton ar an mbád le deartháir eile liom i mí Eanáir 1952.**

Bhí sé beartaithe agam dul ag obair in earnáil na tógála arís ach bhí sé chomh te nuair a shroich mé Melbourne i mí Feabhra go ndeachaigh mé go dtí an roinn inimirce chun ceist a chur orthu cad eile a d'fhéadfainn a dhéanamh. Dúirt siad liom go raibh tiománaithe bus á lorg acu, agus mar sin rinne mé na scrúduithe agus thosaigh mé ag tiomáint busanna dhá stór, obair a raibh mé ag gabháil di ar feadh bliain go leith. Tar éis dom a bheith ag tiomáint busanna, d'fhill mé ar an obair tógála agus bhí mé ag obair ar go leor tionscadal thar na blianta, lena n-áirítear Scéim Hidrileictreach *Snowy Mountains*.


Phós mé bean arb as an Astráil di agus thógamar seisear páistí in Melbourne. Bhí mo cheangal le hÉirinn beo ar feadh an ama sin, cé nár éirigh liom cuairt a thabhairt ar an mbaile ach faoi dhó ón uair a bhog mé go dtí an Astráil. Ba in 1993 a thug mé cuairt ar Éirinn le déanaí. Mar sin féin, labhraím le mo chol ceathrar Pat i gCathair Chinn Lis gach uile sheachtain agus bím i dteagmháil le neachtanna agus nianna liom. Tugaim cuairteanna rialta ar an mBiúró Tacaíochta agus Acmhainní d'Éireannaigh na hAstráile, áit is maith liom teacht suas le daoine eile de mhuintir na hÉireann thar chluiche cártaí.

"Bhí mise ar an duine ab óige i measc ceithre pháiste dhéag agus bhí beirt de mo chuid deartháireacha imithe go dtí Melbourne. Mhol siadsan domsa dul amach ansin in éineacht leo"

# Cé hiad Diaspóra na hÉireann?

**Cuimsíonn diaspóra na hÉireann eisimircigh as Éirinn agus a gcuid sleachta ar fud an domhain, agus iad siúd a bhfuil ceangal inbhraite acu le hÉirinn. Ní staid bhuan é sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh méid na feasachta i leith na hÉireann i measc an diaspóra ag athrú ó am go ham. D'fhéadfadh sé go bhfuil daoine ann a bhfuil an oidhreacht acu, ach nach bhfuil an tsuim ná an t-eolas acu. Féadfar an spéis a spreagadh de bharr mór-imeachtaí seachtracha, de bharr athruithe ar chúrsaí an tsaoil nó de sheans.**

**Is cinnte gur mór an díol suntais é scála dhiaspóra na hÉireann i gcomparáid le daonra na tíre, cé gur deacair figiúr beacht a chur le méid an diaspóra. Ní hionann an chaoi a ndéantar sonraí daonra a bhailiú agus a thaifeadadh ó thír go tír. Ina theannta sin, tá éagsúlacht mhór i gceist i dtaobh a mhéad a bhíonn cuid de chéannacht a dtíortha dúchais fós beo i measc na n-inimirceach agus a sleachta, ó áit go háit agus fiú ó theaghlach go teaghlach.**




Daonraí Diaspóra sna Stáit Aontaithe i gcomparáid le Daonraí Tíre Baile

Measann roinnt daoine go bhféadfadh diaspóra na hÉireann a bheith chomh mór le 70 milliún duine. Níl aon fhianaise shoiléir ar fáil chun tacú leis an bhfigiúr sin, ach is cinnte go bhfuil na deicheanna milliúin i gceist.

- Is i Meiriceá Thuaidh atá an líon infhíoraithe is mó de lucht an diaspóra, áit a n-éilíonn thart ar **35 mhilliún duine sna Stáit Aontaithe agus 4.5 milliún duine i gCeanada gur de bhunadh na hÉireann iad ar shlí éigin, agus a n-éilíonn cúpla milliún duine eile gur de bhunadh na hAlban/na hÉireann iad**.
- Mar gheall ar ár gcúlra comhroinnte agus gaireacht na dtíortha dá chéile, tá pobal ollmhór Éireannach sa Bhreatain. Tá thart ar 600,000 daoine a rugadh ar oileán na hÉireann ina gcónaí i Sasana faoi láthair, ach tá i bhfad i bhfad níos mó daoine ann ar de bhunadh na hÉireann iad. Níl aon fhigiúr cruinn ar fáil, ach tá sé measta go bhfuil suas le duine **as ceathrar de mhuintir na Breataine ar de bhunadh na hÉireann iad a bheag nó a mhór**.
- B'ionann **diaspóra na hÉireann i gCeanada**, mar atá tomhaiste i ndaonáireamh 2011 Cheanada, agus díreach os cionn 4.5m duine nó thart ar 14% de dhaonra iomlán Cheanada.
- I ndaonáireamh 2011, dúirt níos mó ná 2 mhilliún duine san Astráil gur de mhianach Éireannach iad, líon atá cothrom le níos mó ná 10% den daonra iomlán.
- Tá pobail Éireannacha eile le fáil ar fud an domhain, atá éagsúil i ndáil le méid agus comhdhéanamh, ó thart ar 7,000 Éireannach den chéad ghlúin in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha go dtí níos mó ná 500,000 duine de bhunadh na hÉireann san Airgintín. Tá pobail Éireannacha ar beag iad, ach atá gníomhach agus i mbun fáis, ar fud na hÁise.

## Is éagsúil an dream iad an diaspóra

Cuimsíonn diaspóra na hÉireann daoine a bhfuil spéiseanna éagsúla agus creidimh éagsúla acu, atá lasmuigh d'Éirinn ar chúiseanna éagsúla agus a bhfuil tuairimí éagsúla acu i leith na hÉireann agus a dtíortha aíochta araon. Tá idir dhaoine óga agus sheandaoine ann; iad siúd ar éirigh leo thar lear agus iad siúd nár éirigh leo; iad siúd a d'fhág Éire dá dtoil féin agus iad siúd arbh éigean dóibh í a fhágáil; agus iad siúd nár rugadh in Éirinn ach ar sliocht iad de chuid na ndaoine a rugadh ansin. Thairis sin, áirímid leo anois níos mó agus níos mó daoine a chaith seal ina gcónaí, i mbun staidéir agus i mbun oibre in Éirinn agus a d'fhill abhaile ina dhiaidh sin chuig a dtíortha féin, cuid mhór acu le páistí a rugadh in Éirinn in éineacht leo.

Tá an éagsúlacht chéanna atá le sonrú i stair na hÉireann le tabhairt faoi deara freisin sa diaspóra. D'fhág daoine oileán na hÉireann, ón dá thaobh den teorainn, sula raibh teorainn ann agus sula raibh Stát na hÉireann ann. Tháinig traidisiúin ar leith chun cinn, amhail an líon mór daoine i Meiriceá Thuaidh a mhaíonn gur de bhunadh na hAlban/na hÉireann iad. Táimid sásta dul i mbun oibre le Northern Ireland Connections agus le heagraíochtaí eile d'fhonn comhchaidreamh a chothú a bheadh chun tairbhe oileán na hÉireann.

Aithnímid an éagsúlacht sin agus cuirimid fáilte roimpi. Agus muid ag triail ceangal a bhunú le baill den diaspóra, tá a fhios againn nach mór dúinn ár gcuid iarrachtaí a dhíriú ar spriocghrúpaí éagsúla agus a chalabrú ina leith. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú leis an taighde ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar an diaspóra agus ar a gcuid riachtanas.

Leanfar ag díriú ar an tacaíocht d'eisimircigh, go háirithe iad siúd a bhfuil Éire fágtha acu agus a bhfuil tacaíocht uathu nó tacaíocht de dhíth orthu, mar ghné lárnach de rannpháirtíocht an rialtais leis an diaspóra. Ní thógann an méid sin ónar gcuid oibre chun dul i mbun rannpháirtíochta le hÉireannaigh den dara agus den tríú glúin, agus glúine ina dhiaidh sin, ar fud an domhain. De réir mar a shocraíonn eisimircigh síos, tagann athrú ar dhearcadh a gcuid páistí, agus ar dhearcadh pháistí a gcuid páistí, i leith na hÉireann agus bíonn bealaí éagsúla á lorg acu chun ceangal a bhunú, agus beimid ag tabhairt freagra air sin freisin.





# Gráinne Mellon
# Londain
# Sasana

**Is dócha go raibh an t-ádh orm sa mhéid is gur fhág mé Éire ar thóir deise, agus nárbh amhlaidh gurbh éigean dom imeacht. Bhí mé ar conradh oiliúna le ceann de na cúig mhórghnólacht dlí ach bhí mé i gcónaí ag iarraidh a bheith i m'abhcóide agus a bheith ag plé leis an dlí idirnáisiúnta agus le cearta daonna. Nuair a táirgeadh scoláireacht iomlán dom chun cáiliú i Londain mar aon le háit sna Dlísheomraí, tairiscint a bhí ann nach bhféadfainn a dhiúltú. Is cuimhin liom a bheith an-bhrónach agus Baile Átha Cliath á fhágáil agam, agus thóg sé tamall sách fada orm socrú síos i Londain. Ar feadh na chéad bliana nó mar sin, bhí mé seasta ar tí dul abhaile. Ach, le himeacht ama, is mó an cion atá agam ar Londain agus ar a bhfuil le tairiscint ag an gcathair sin, go háirithe do na daoine óga.**

Is mór agam é a bheith ceangailte le hÉirinn agus rud éigin a thabhairt ar ais uaim nuair is féidir liom. Bealach iontach is ea pobal na hÉireann i Londain chun é sin a dhéanamh. Tá mé i mo Chathaoirleach ar Chumann na nDlíodóirí Éireannacha i Londain, an comhlacht líonraithe d'aturnaetha agus d'abhcóidí, ar minic gurb é an chéad phointe teagmhála do dhaoine atá díreach tagtha chuig an gcathair. Tá mé ar dhuine de Cheannairí na Todhchaí de chuid Líonra Gnó Idirnáisiúnta na hÉireann freisin, rud a fhágann go bhfuilim i mo leathphéire ag dlíodóir sinsearach Éireannach i gcomhair oiliúna agus meantóireachta. Tá traidisiún ann i measc feidhmeannaigh agus fiontraithe sinsearacha Éireannacha "go dtugann siad rud éigin ar ais" don chéad ghlúin eile, agus tá an t-ádh orm tacaíocht agus ionchur nach beag a bheith agam dá bharr sin.

Is breá liom tír na hÉireann agus téim ar ais ansin chomh minic agus is féidir liom. Samhlaím i gcónaí go dtiocfaidh mé abhaile tráth den saol, ach, san am i láthair, tá mé ag baint suilt as na deiseanna ar fad atá romham i Londain.

**"Tá an-chion agam anois ar Londain agus ar a bhfuil le tairiscint ag an gcathair sin, go háirithe do dhaoine óga"**

# An Tábhacht a bhaineann leis an Rannpháirtíocht leis an Diaspóra

**Téimid i mbun rannpháirtíochta lenár ndiaspóra sa chéad áit toisc go n-éilítear é sin sa Bhunreacht. Dearbhaítear sa Bhunreacht gur aon phobal amháin iad na hÉireannaigh sa bhaile agus na hÉireannaigh thar lear. Leis sin, tagann na freagrachtaí agus na féidearthachtaí a bhaineann le pobal.**

**Sa chéad ráiteas beartais diaspóra seo, leagtar amach sa chaoi is soiléire fós conas a bhfuilimid ag tabhairt beochta agus feidhme don ordú bunreachtúil sin.**

Baineann Éire tairbhe ollmhór anois as diaspóra atá ag fás le níos mó ná 200 bliain anuas. De bharr fuinnimh agus éachtaí lucht an diaspóra, cuirtear le réimse teagmhála agus clú na hÉireann ar fud an domhain. Chun a chinntiú go leanfaidh sé sin ar aghaidh, ní mór dúinn daoine nua a spreagadh, ceangail nua a chothú agus é a chur ar chumas daoine ceangal a bhunú le hÉirinn.

Téimid i mbun rannpháirtíochta leis an diaspóra d'fhonn Éire a shaibhriú i ngach slí, d'fhonn cur leis an réimse teagmhála atá againn ar domhan agus d'fhonn braistint chomhuintearais a bheith ag na hÉireannaigh agus ag na daoine de shliocht Éireannach ar fud an domhain. Foghlaímid ónár ndiaspóra agus cuimsímid a n-eispéiris ó thíortha eile i ngach gné de shaol na hÉireann.

Is é an sprioc uileghabhálach atá againn na ceangail idir Éire agus na hÉireannaigh thar lear a threisiú. Téann ár gcuid rannpháirtíochta i bhfad níos faide ná ár gcuid leasanna féin. Baineann sí leis an gcaidreamh fadtéarmach a fhorbairt agus a chothú.

Táimid dírithe ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tacaíocht a thabhairt d'eisimircigh Éireannacha chun an saol is fearr is féidir a chaitheamh ina dtíortha cónaithe;
- cabhrú le heisimircigh agus lena sliocht a bhféiniúlacht Éireannach agus an bhá agus an ceangal atá acu le hÉirinn a choinneáil beo;
- a bheith i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le lucht an diaspóra chun cion a dhéanamh maidir le síocháin agus rathúnas a chothabháil ar oileán na hÉireann.

**Sócmhainn atá againn agus freagracht atá orainn araon is ea an diaspóra**. Tá iarracht leanúnach, fhadtéarmach de dhíth i gcomhair na rannpháirtíochta leis an diaspóra. Tá Rialtas i ndiaidh Rialtais tar éis tiomantas a léiriú don diaspóra. Is léir an méid sin ón leibhéal cistithe tacaíochta d'eisimircigh a coinníodh ar bun trí bhlianta na gciorruithe, agus in 2015 méadófar an caiteachas ar shaincheisteanna diaspóra den chéad uair ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais.

Ní mór go mbeadh an rannpháirtíocht leis an diaspóra ag dul an dá bhealach. **Caithfidh ár gcaidreamh a bheith tógtha ar iontaoibh, ar mheas agus ar an gcómhalartacht.** Rachaidh an caidreamh sin chun tairbhe na hÉireann agus na nÉireannach sa bhaile agus thar lear, ach ní féidir linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh mura mbeimid ag obair le chéile. Mar bhunphointe, ní mór dúinn tacú freisin leo siúd atá i ngátar.

Is ionann dul i mbun rannpháirtíochta leis an diaspóra agus a bheith ag tógáil i gcomhair na todhchaí.

## An Próiseas Athbhreithnithe

I mí Dheireadh Fómhair 2013, d'fhógair an Rialtas go dtabharfaí faoi athbhreithniú ar ár mbeartas diaspóra. I rith comhairliúchán poiblí, fuarthas breis is 130 aighneacht scríofa. Bhí idirphlé leanúnach ar siúl le páirtithe leasmhara sa bhaile agus thar lear, faoi stiúir an Aire Gnóthaí Diaspóra.

Tháinig dhá príomhthéama chun cinn ón gcomhairliúchán:

**(i) Ionadaíocht**

Rinneadh éileamh ar chruthú poist nua, an tAire Diaspóra, agus, i mí Iúil 2014, thugamar freagra air sin le ceapadh Jimmy Deenihan, T.D., chun dul i mbun an róil nua sin.

Éilíodh freisin go mbeadh cearta vótála ag na hÉireannaigh thar lear. Tá an moladh sin á scrúdú faoi láthair.

**agus**

**(ii) Cumarsáid**

Éilíodh ar an Rialtas níos mó cumarsáide a dhéanamh, ar bhonn níos éifeachtaí, leis na daoine a d›fhág Éire, agus an chumarsáid idir pobail Éireannacha ar fud an domhain a éascú. Ní mór dúinn ceangal níos fearr a chothú le grúpaí éagsúla laistigh den diaspóra, go háirithe trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua, agus déantar é sin a phlé ó leathanach 34 thíos.

Thairis sin, baintear leas sa doiciméad seo as athbhreithnithe, measúnachtaí agus iniúchtaí a rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le blianta anuas, mar aon le rannpháirtíocht leanúnach na n-ambasáidí agus na gconsalachtaí le pobail Éireannacha.

Níl sé ina aidhm an beartas diaspóra a cheapadh as an nua ná a athcheapadh sa doiciméad seo. Is é an aidhm atá againn tarraingt ar ár dtaithí go dtí seo agus cuir leis an dea-obair atá ar bun cheana féin lena n-áirítear trí éisteacht le tuairimí seachtracha agus freagra a thabhairt orthu. Ionas go mbeadh sé ábhartha i gcónaí, ní mór don bheartas diaspóra a bheith gníomhach agus freagrúil, agus go gcruthófaí rannpháirtíochtaí nua dá bharr chomh maith le cinn atá ann a athnuachan agus a choinneáil ar bun.

**Rugadh athair Henry Ford, William Ford, i mBéal na Scairte in Iarthar Chorcaí in 1826, agus chuaigh sé ar eisimirce go Ceanada ar dtús agus ansin go dtí na Stáit Aontaithe. Ar thuras go hÉirinn in 1912, thug Henry Ford cuairt ar an gceantar chun dul i dteagmháil arís lena áit dúchais. In 1917, bhunaigh sé monarcha tarracóirí i gCorcaigh. Ba as an monarcha sin a d'fhás an chéad mhonarcha Ford san Eoraip, a raibh 1,800 duine fostaithe inti agus í i mbarr a réime. Bhí tionchar ollmhór ag an monarcha sin, ar cuireadh deireadh leis an táirgeadh inti in 1984, ar shaol chathair agus chontae Chorcaí, an saol geilleagrach agus an saol sóisialta araon.**

## Cearta Vótála

**Baineann tábhacht ollmhór le ceist na gcearta vótála i dtoghcháin Éireannacha do go leor saoránaigh Éireannacha thar lear. Tá sé sin curtha in iúl acu trí fheachtais dhea-eagraithe, ghlóracha, agus in aighneachtaí maidir leis an athbhreithniú seo ar bheartas.**

**Faoi láthair, tá Grúpa Oibre ar Athchóiriú an tSeanaid ag fiosrú bealaí chun athchóiriú a dhéanamh ar Sheanad Éireann laistigh de na paraiméadair bhunreachtúla atá ann cheana féin. Tuairisceoidh siad don Rialtas tráth nach déanaí ná deireadh mhí an Mhárta 2015.**

**Ina theannta sin, i gcruinniú dá gcuid i mí Mheán Fómhair 2013, tháinig comhaltaí an Tionóil Bhunreachtúil amach go soiléir i bhfabhar an ceart a bheith ag saoránaigh a chónaíonn lasmuigh den Stát chun vótáil i dtoghcháin Uachtaránachta, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann.**

**Chuirfeadh a lán de lucht an diaspóra fáilte roimh shíneadh ar chearta vótála chuig saoránaigh na hÉireann lasmuigh den Stát. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas cur lena gcuid rannpháirtíochta le hÉirinn agus ról níos gníomhaí a imirt i sochaí na hÉireann. Chuirfeadh sé chun cinn an sprioc níos leithne maidir leis an rannpháirtíocht leis an diaspóra a fheabhsú.**

**Mar sin féin, dúshlán a bheadh ann é a thabhairt isteach agus a bhainistiú. Thiocfadh raon saincheisteanna chun cinn sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear beartas, dlí agus ceisteanna praiticiúla.**

**Mar shampla, ceist thábhachtach beartais is ea an incháilitheacht bheacht le haghaidh aon chead vótála leathnaithe. Tá líon mór de shaoránaigh na hÉireann a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát agus is flaithiúil iad na coinníollacha maidir leis an tsaoránacht sin a thabhairt anuas trí na glúine, lena n-áirítear daoine nár thug cuairt ar Éirinn riamh ná nach raibh baint ná páirt acu léi. Is ann freisin do shaincheisteanna tábhachtacha, praiticiúla nach mór aird chuí a thabhairt orthu.**

**I bhfianaise an mhéid sin thuas, tá sé iarrtha ag an Rialtas ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i gcomhar leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus an Aire Stáit um Ghnóthaí Diaspóra, anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna beartais, na saincheisteanna dlí agus na saincheisteanna praiticiúla a thagann chun cinn agus tuairisc a thabhairt don Rialtas ina leith.**



*An tUachtarán Ó hUigínn agus a bhean chéile agus iad ag bualadh le baill den phobal Éireannach sa Chapelle Saint Patrick, Coláiste na hÉireann, Páras*



# Kieran Bergin
# Londain
# Sasana

**Is as Baile Átha Í i gContae Chill Dara dom. Daoine den lucht saothair is ea mo thuismitheoirí. Tá mé féin agus mo dhearthair an-bhródúil as an tabhairt suas a bhí orainn. Bhí laethanta m'óige sa bhaile, agus mé ag fás anuas, mar a bheadh rud éigin ón scannán 'The Good, the Bad and the Ugly'. Is iontach iad cuimhní na hóige agam ón tráth sin, agus tá cairde agus daoine muinteartha liom fós thiar sa bhaile. Bhí an saol dorcha, gruama uaireanta freisin, áfach.**

Bhí an-tóir agam ar an spórt agus mé i mo bhuachaill óg; thug sé faoiseamh dom agus bhí mo chroí sna cluichí Gaelacha agus sa pheil. Agus mé sna déaga, thosaigh mé ag baint triail as deochanna meisciúla agus as drugaí. Bhí mé cliste agus mé ar scoil ach thit mé isteach i saol sin na dí agus na ndrugaí. Tháinig gach uile shórt trioblóide sa mhullach orm, agus orm féin a bhí an locht. Ní féidir liom an milleán a chur ar dhuine ar bith eile ina thaobh; rogha is ea é a rinne mé féin. Bhí mé tugtha do na drugaí ba mheasa faoin am go raibh mé 15 bliana d'aois.

Agus na blianta ag dul tharam, thuig mé nach bhféadfainn leanúint ar aghaidh ar an gcaoi sin. Theith mé as Éirinn sa deireadh chun mé féin a thabhairt slán. Chríochnaigh mé is mé gan dídean nuair a bhí mé scór bliana d'aois agus chuaigh mé go dtí Lárionad na nÉireannach i Londain, in Camden. Chuir siad mé go dtí ionad lae do dhaoine óga gan dídean ar a dtugtar *New Horizon Youth Centre*, áit ar tugadh an-chúnamh dom. Chaith siad go hiontach liom, agus chuidigh siad liom i dtaobh tithíochta, mo chuid oideachais agus fostaíochta agus i dtaobh m'andúile. Chuir siad ar mo chumas mo mhianach féin a léiriú agus thaispeáin siad dom conas is fearr mé féin a chur in iúl.

Sna sé bliana atá caite agam i Londain is mór an méid atá bainte amach agam. Tá m'andúil curtha díom agam agus tá dhá bhliain caite agam anois gan drugaí gan alcól. Fuair mé post agus d'íoc mé mo bhealach tríd an gcoláiste. Tá mé cáilithe chun a bheith ag obair i gcúram sláinte agus i gcúram sóisialta agus tá suaitheantas traenála peile faighte ón FA agam.

Tá mé ar ais sa *New Horizon Youth Centre* faoi láthair, ach is ag obair mar oibrí tacaíochta le daoine óga gan dídean atá mé anois, agus is breá liom an obair sin. Braithim go bhfuil ceangal agam le hÉirinn freisin, agus gurb í cuid de m'oidhreacht í. Tá mo theaghlach thiar sa bhaile agus is ansin atá mo chroí. Ba bhreá liom dul siar abhaile uair éigin agus cuidiú le daoine óga a d'fhéadfadh na fadhbanna céanna a bheith ag goilleadh orthu is a bhí orm féin.

**"Braithim go bhfuil ceangal agam le hÉirinn, agus gurb í cuid de m'oidhreacht í. Tá mo theaghlach thiar sa bhaile agus is ansin atá mo chroí."**

# Ról an Rialtais

Tá lucht diaspóra na hÉireann tar éis a bheith i mbun rannpháirtíochta le hÉirinn, agus lena chéile, ón tráth sularbh ann don Stát.

Níl sa Rialtas ach cuid amháin den ghréasán casta líonraí agus eagraíochtaí lena gceanglaítear le chéile daoine in Éirinn agus ar fud na n-ilchríoch ar fad de bharr gur Éireannaigh iad. Aithníonn Rialtas na hÉireann mianach saibhir, éagsúil phobal domhanda na hÉireann agus is mian leis an ceangal leo a leathnú agus a threisiú ar mhaithe linn féin agus leis an bpobal domhanda sin.

Is é an ról atá againn go príomha ceann tacaíochta agus éascaithe. Tá an tacaíocht airgeadais ina cuid lárnach de sin, mar a ndéantar cur síos uirthi thíos, ach tá tacaíocht institiúideach i gceist freisin, mar shampla trí líonra na hÉireann d'ambasáidí agus consalachtaí.

San iomlán, is é ról an Rialtais é an rannpháirtíocht leis an diaspóra a chur chun cinn agus a chothú ionas go ndéanfar an méid seo a leanas:

Tacú leo siúd a bhfuil Éire fágtha acu agus a bhfuil tacaíocht uathu nó tacaíocht de dhíth orthu

Ceangal ar shlí uilechuimsitheach leo siúd, idir óg agus shean, ar fud an domhain ar Éireannaigh iad, atá de bhunadh na hÉireann, nó a bhfuil ceangal inbhraite acu le hÉirinn, agus ar mian leo ceangal a choinneáil beo.

Cuidiú le réimse leathán gníomhaíochta ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta atá ceaptha chun tógáil ar an gcaidreamh gníomhach idir Éire agus an diaspóra agus an caidreamh sin a fhorbairt.

Aitheantas a thabhairt do lucht iomadúil an diaspóra agus don chion tábhachtach a dhéanann siad, ar bhonn aonair nó mar ghrúpa, maidir le cruth a chur ar ár gcuid forbartha agus ar ár bhféiniúlacht.

Teacht chun cinn chun freastal ar riachtanais atá ag athrú sa saol atá ag athrú.



# Jennifer Gaffney
# Atlanta
# Na Stáit Aontaithe

**Chuaigh mé ar eisimirce go dtí na Stáit Aontaithe i mí an Mheithimh 2008 tar éis dom tairiscint poist a fháil a thug mé ar dtús go Greenville, Carolina Theas sular bhog mé go Atlanta, Georgia i Márta 2009. Bhí sé beartaithe agam i gcónaí roinnt blianta a chaitheamh sna Stáit Aontaithe. Mar sin, nuair a tháinig an deis mo bhealach ag tús an choir chun donais sa gheilleagar, bhraith mé gur deis í ar bhfiú dom a thapú.**

Tá an t-ádh orm gur féidir liom taisteal abhaile go Rós Comáin cúpla uair sa bhliain chun cuairt a thabhairt ar mo theaghlach, agus go bhfuil pobal mór Éireannach in Atlanta a chuidíonn an ceangal le hÉirinn a choinneáil beo ar feadh na bliana.

Tá ról gníomhach agam i roinnt líonraí gnó agus sóisialta Éireannacha in Atlanta agus is maith liom a bheith ag coinneáil suas leis an nuacht laethúil ón mbaile trí nuachtáin ar líne na hÉireann agus an Nasc Éire-Atlanta ar Facebook agus Twitter.

Cé go bhfuilim socraithe síos in Atlanta, coinním súil ar fhógraí poist agus ar chuideachtaí a bhfuil brath acu oifigí a oscailt in Éirinn, toisc gur mhaith liom filleadh abhaile ... uair éigin.

**"Tá mé buíoch go bhfuil pobal mór Éireannach in Atlanta a chuidíonn an ceangal le hÉirinn a choinneáil beo ar feadh na bliana."**

# Ag Tacú leis an Diaspóra

**Cé go bhfuil go leor dár n-eisimircigh níos fearr in ann ag éilimh na heisimirce ná mar a bhíodh san am atá caite, is ann fós dóibh siúd atá leochaileach agus a gcuirtear a ndúshlán de bharr na heisimirce.**

**Ar leibhéal beartais, is mian linn riachtanais na n-eisimirceach atá ag imeacht agus ag filleadh a chur san áireamh, mar aon le riachtanais na nÉireannach den dara agus den tríú glúin, agus glúine ina dhiaidh sin, ar fud an domhain.**

**In 2014, chuireamar tacaíocht airgeadais ar fáil do 210 n-eagraíocht a bhíonn ag obair le heisimircigh agus leis an diaspóra i níos mó ná 20 tír thar chúig mhór-roinn.**

## An Clár Tacaíochta Eisimirceach

Tá an Clár Tacaíochta Eisimirceach ina léiriú inbhraite ar thacaíocht an Rialtais don phobal Éireannach ar fud an domhain, dá thiomantas don phobal sin, agus don spéis atá aige ann. Tá sé dírithe ar neartú a dhéanamh ar phobal idirnáisiúnta na hÉireann agus ar a cheangal le hÉirinn. Déanann an tAonad um Éireannaigh Thar Lear sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála bainistiú agus comhordú ar an gclár i gcomhpháirt le hambasáidí agus consalachtaí na hÉireann thar lear.


Sa tréimhse 2004-2014, chabhraigh an Clár Tacaíochta Eisimirceach le breis is 470 eagraíocht i níos mó ná 30 tír, le deontais ar fiú níos mó ná €126m iad. Airíodh leis na deontais idir mhéideanna an-bheag le haghaidh pobail agus grúpaí deonacha an chosmhuintir, agus leithdháiltí níos mó a dámhadh ar eagraíochtaí neamhbhrabúis a bhíonn ag feidhmiú ar scála mór. Tá sonraí na ndeontas a dhéantar a dhámhachtain gach bliain ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach, déantar cistiú ar tionscadail atá dírithe ar an méid seo a leanas:

- Ceiliúradh a dhéanamh ar na ceangail idir Éire agus Éireannaigh an Domhain, agus na ceangail sin iad a choinneáil beo agus a neartú;
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla, athraitheacha na n-imirceach Éireannach, go háirithe daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíbhuntáiste agus daoine leochaileacha;
- An rochtain ar sheirbhísí reachtúla agus ar sheirbhísí deonacha ina dtír chónaithe a éascú d'eisimircigh Éireannacha;
- Cur le beogacht na braistinte pobail agus na braistinte féiniúlachta Éireannaí;
- Torthaí Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain a chur chun cinn;
- Tacú le líonraí gnó chun muintir na hÉireann a chur i dteagmháil le chéile sa bhaile agus thar lear;
- Taighde a dhéanamh ar riachtanais úra na bpobal Éireannach thar lear, agus iad a shainiú;
- Tacú le forbairt a dhéanamh ar bhealaí nua chun cumarsáid agus ceangal a bhunú le hÉireannaigh an domhain, dream ar éagsúlaí ná riamh iad, lena n-áirítear diaspóraí neamhthraidisiúnta;
- Cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint ar eispéireas na n-eisimirceach agus an diaspóra.

Cé go bhfuil an Clár deartha go príomha chun cabhrú le heagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha Éireannacha chun na spriocanna sin a bhaint amach, tacaítear le tionscnaimh straitéiseacha laistigh dá chreat foriomlán freisin.

**Miondealú ar an gClár Tacaíochta Eisimirceach de réir Earnála 2011-2014**




## Tiomantas Leanúnach maidir le Cistiú

I mBuiséad na bliana 2015, leithdháil an Rialtas €12.595 milliún chun tacú le heisimircigh agus don rannpháirtíocht leis an diaspóra. Airíodh leis an tsuim sin cothabháil an Chláir Tacaíochta Eisimirceach a chosain €11.595 milliún in 2015, mar aon le €1 mhilliún eile do thionscadail agus do thionscnaimh nua diaspóra. Díreofar an cistiú sin go háirithe ar thacú le pobail áitiúla chun an caidreamh lena gcuid diaspórai a fhorbairt.

Tríd an gcistiú sin, cuirfear ar ár gcumas leanúint don obair thábhachtach atá déanta chun tacú le heisimircigh. Ina theannta sin, cuirfidh sé ar chumas an Rialtais infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail agus i dtionscnaimh nua atá ceaptha chun leathnú agus neartú eile fós a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann lena diaspóra domhanda, agus ar rannpháirtíocht lucht an diaspóra lena chéile, ag teacht lenár mbeartas diaspóra.

## Cistiú Ilbhliantúil

Beimid ag bogadh i dtreo socruithe táscacha um chistiú ilbhliantúil le roinnt dár gcomhpháirtithe is mó. Beidh sé sin bunaithe ar acmhainn léirchruthaithe maidir le seirbhísí agus torthaí ardchaighdeáin a sheachadadh agus ar chuntas teiste leis an gClár Tacaíochta Eisimirceach. Sula ndéanfaí í a mheas i gcomhair cistiú ilbhliantúil, níor mhór d'eagraíocht iniúchadh sásúil agus measúnacht acmhainneachta shásúil a chur i gcrích, arna ndéanamh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála nó thar a ceann.

Fágfaidh sé sin gur féidir caidreamh níos straitéisí a bheith againn leis na heagraíochtaí sin, agus spriocanna comhroinnte á leagan síos thar roinnt blianta, chun tairbhe is fearr na n-eisimirceach Éireannach. Beidh an t-athrú sin dírithe ar an gcéad dul síos orthu siúd sa Bhreatain a fhaigheann na suimeanna is mó ón gClár Tacaíochta Eisimirceach. Má éiríonn leis, féadfar smaoineamh ar é a chur chun feidhme ar bhonn níos leithne.

## Deontais bheaga

Is dian iad ceangaltais iarratais agus tuairiscithe an Chláir Tacaíochta Eisimirceach agus is é an próiseas iarratais céanna atá i bhfeidhm maidir le deontais bheaga agus deontais mhóra araon. Cé go mbíonn gá leis an déine i mbainistíocht airgid phoiblí, ba chóir dúinn a chinntiú go bhfuil déine den sórt sin dírithe ar na cásanna ina bhfuil an gá is mó léi.

20% de na deontais faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach in 2014, b'fhiú níos lú ná €5,000 iad. Is mór an méid a bhaineann go leor dár gcuid eagraíochtaí comhpháirtíochta amach leis na suimeanna beaga sin. In a lán cásanna, is eagraíochtaí iad a bhfuil teist bhunaithe acu agus a bhfuil baint acu leis an gClár cheana féin. Beimid ag féachaint ar bhealaí chun an próiseas iarratais do lucht faighte suimeanna níos lú ná €5,000 a shimpliú, ag cur san áireamh a dteist maidir le baint amach cuspóirí agus bainistíocht airgeadais, d'fhonn athruithe a chur i bhfeidhm in 2016.

### Dearbhú Cáilíochta

Íocann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála amach suimeanna nach beag chun tacú le tionscnaimh um eisimircigh agus an diaspóra níos leithne in Éirinn agus ar fud an domhain. Ní mór próisis stuama a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh luach ar airgead ar fáil do na cáiníocóirí a chistíonn na tionscadail agus na cláir, agus go mbeidh na torthaí is fearr is féidir ar fáil dóibh siúd ar a ndírítear iad. **Tá diandearbhú cáilíochta riachtanach chun ionracas an chláir a chosaint san fhadtéarma.**

In 2014, tugadh faoi roinnt iniúchtaí seachtracha ar eagraíochtaí arna gcistiú faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach. Tá sé sin ina chuid de chlár iniúchtaí a leanfar ar aghaidh leis gach bliain, faoina gclúdófar eagraíochtaí in áiteanna éagsúla, ar scálaí éagsúla agus a bhfuil sainorduithe éagsúla acu.

Oibreoimid lenár gcuid eagraíochtaí comhpháirtíochta chun cur lena n-acmhainneacht seirbhísí a sholáthar d'Éireannaigh an domhain. **Sa Bhreatain, beimid ag obair le Irish in Britain chun tacú le heagraíochtaí pobail arna gcistiú faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach chun caighdeáin dearbhaithe cáilíochta atá deimhnithe ar bhonn neamhspleách a bhaint amach, agus tacóimid leo ina leith sin.**

Is tábhachtach an rud é an t-iniúchadh poiblí freisin, agus leanfaimid ar aghaidh ag foilsiú sonraí na gcinntí cistiúcháin gach uile bhliain, mar a bhí amhlaidh ón mbliain 2006. Caithfimid thart ar 1% de bhuiséad an Chláir Tacaíochta Eisimirceach ar dhearbhú cáilíochta, chun a chinntiú go mbeidh luach ar airgead ar fáil do na cáiníocóirí agus go mbeidh na torthaí is fearr is féidir ar fáil do na hÉireannaigh thar lear.

## Cúrsaí Leasa

Bunaíodh an Clár Tacaíochta Eisimirceach ar an gcéad dul síos chun cuidiú leis na daoine is leochailí i measc ár bpobal eisimirceach agus is amhlaidh a bheidh sna blianta atá romhainn. **Coinneoimid cúrsaí leasa i gcroílár an Chláir Tacaíochta Eisimirceach.**

Ní féidir leis an Rialtas tacaíochtaí cuimsitheacha leasa ná acmhainní ina leith a chur ar fáil do na hÉireannaigh thar lear. Ní féidir leis an gClár Tacaíochta Eisimirceach áit na dtacaíochtaí leasa a ghlacadh sna tíortha ina gcónaíonn saoránaigh na hÉireann. Ina áit sin, ag obair dó le comhpháirtithe na sochaí sibhialta, is féidir leis cabhrú le daoine teacht ar na seirbhísí dá bhfuil siad i dteideal. Is féidir tacaíocht a chur ar fáil freisin do sheirbhísí a bhfuil baint dhíreach acu lena stádas mar eisimircigh agus i réimsí atá íogair sa tsochaí, cosúil le meabhairshláinte agus folláine.

Tá réimse tosca a d'fhéadfadh a bheith ina mbonn le leochaileacht ár n-eisimirceach, lena n-áirítear leithlisiú, aois, suíomh, stádas inimirce, stádas fostaíochta agus sláinte. Bímid ag obair leis an tsochaí shibhialta chun riachtanais a shainaithint agus chun a chinntiú go bhfuil fáil ag na hÉireannaigh is leochailí thar lear ar thacaíocht chuí.

Is ar an mBreatain is mó a bhí an cistiú do thionscadail leasa dírithe go dtí seo, agus meastar gurb amhlaidh a bheidh sa tréimhse atá romhainn. Mar gheall ar an rochtain éasca ar an mBreatain – costas íseal taistil, saorghluaiseacht, teanga chomhroinnte – fágtar go dtéann roinnt daoine ansin gan iad a bheith ullamh go leor. I ndáiríre, is amhlaidh go dtugann roinnt eisimirceach a gcuid leochaileachta leo, agus is féidir gur in olcas a rachadh an leochaileacht sin de bharr a bheith in áit strainséartha gan na tacaíochtaí sóisialta a bhíonn le fáil ón teaghlach agus ó chairde.

### Pobail atá ag Dul in Aois

Tá an pobal ag dul in aois sna háiteanna ar ghnách le hÉireannaigh dul ar eisimirce chucu. Dar le Daonáireamh 2011 na Ríochta Aontaithe, tá na hÉireannaigh anois ar an ngrúpa eitneach is sine sa Bhreatain. Baineann dúshláin ar leith leis sin, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le cúram sláinte agus leis an aonrú sóisialta. Fiú i gcásanna inar éirigh go maith le heisimircigh Éireannacha, inar shocraigh siad síos, inar chuir siad fúthu agus inar thóg siad clann, de réir mar a théann siad in aois is féidir leis an bhfad achair idir iad féin agus Éire dul i gcion níos mó orthu. Is mian linn tacú le baill níos sine den phobal Éireannach domhanda chun saol níos gníomhaí agus níos sláintiúla a bheith acu agus chun níos mó roghanna agus smachta a bheith acu ina saol, trí chomhairle agus tacaíocht ar ardchaighdeán. Tá méadú ag teacht ar líon na n-eisimirceach Éireannach scothaosta a bhfuil cúram teaghlaigh nó cairde orthu. Ba mhaith linn go mbeadh an tacaíocht atá de dhíth orthu ag cúramóirí scothaosta chun tacú leo siúd a bhfuil grá acu dóibh agus dea-cháilíocht beatha a bhaint amach dóibh féin. Bímid i mbun oibre le líon mór grúpaí a bhíonn ag obair chun teagmháil a dhéanamh le hÉireannaigh scothaosta, amhail an Irish Elderly Advice Network, a bhfuil bonn láidir acu sna pobail ar a bhfreastalaíonn siad.

**Cuimhne – Comhghuaillíocht na hÉireann um Dhíchuimhne**
**Straitéis is ea an feachtas Cuimhne chun dul i ngleic le riachtanais na nÉireannach a bhfuil cónaí orthu sa Bhreatain agus a bhfuil cineálacha éagsúla díchuimhne ag goilleadh orthu, lena n-áirítear díchuimhne a bhaineann le haosú, néaltrú agus galar Alzheimer. Tionscadal de chuid Irish in Britain is ea é, faoina dtacaítear le réimse leathan eagraíochtaí pobail Éireannacha atá ag obair le daoine a mbíonn an díchuimhne ag goilleadh orthu.**

## An Lucht Siúil

Baineann leochaileacht ar leith le baill de phobal an Lucht Siúil ar eisimircigh iad, agus d'fhéadfaidís a bheith faoi réir leithcheala. Tá go leor díobh a tháinig ó chúlra faoi mhíbhuntáiste mór, agus a mbíonn deacrachtaí acu i dtaobh comhtháthú, mar aon le fadhbanna litearthachta agus sláinte. Bíonn an Clár Tacaíochta Eisimirceach ag obair leis an Lucht Siúil sa Bhreatain, i gcomhpháirt le roinnt eagraíochtaí eile. Cuirtear cistiú ar fáil d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí saincheaptha chun freastal ar riachtanais ar leith na nÉireannach thar lear ar daoine den Lucht Siúil iad. Tá Gluaiseacht an Lucht Siúil ina príomh-chomhpháirtí i ndáil leis sin, cé go bhfuil a lán comhpháirtithe eile bainteach leis freisin.

## Príosúnaigh

Na heisimircigh Éireannacha ar príosúnaigh iad thar lear, is féidir leo a bheith scoite ón bpríomhphobal príosúin mar gheall ar chúrsaí teanga nó difríochtaí sóisialta. D'fhéadfadh an iargúltacht sin an t-eispéireas príosúin a fhágáil níos measa, agus d'fhéadfadh tacaíochtaí breise a bheith de dhíth ar na príosúnaigh sin. Bíonn ról tábhachtach ag ambasáidí agus consalachtaí maidir lena chinntiú go ndéantar cearta na bpríosúnach Éireannach thar lear a urramú. Ina theannta sin, tá ról mór ann d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar nós Chomhairle na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear agus Shéiplíneacht na hÉireann sa Bhreatain, maidir le sólás a thabhairt do phríosúnaigh trí chuairteanna agus trí chomhfhreagras, agus tacaíonn an Rialtas leo san obair sin. Mar gheall ar an líon daoine atá i gceist, is ar an mBreatain is mó atá an obair sin dírithe, ach tacaítear le hobair in áiteanna eile freisin, lena n-áirítear Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Astráil, ag brath ar riachtanas.

## An Mheabhairshláinte

Is féidir leis an eisimirce agus an cónaí as baile dúshlán daoine a chur ar bhonn síceolaíoch agus mothúchánach. D'fhéadfadh dúshláin mheabhairshláinte a bheith le sárú ag eisimircigh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear an leithlisiú, an strus a bhaineann leis an eisimirce agus droch-dhálaí maireachtála. D'fhéadfadh baint a bheith ag na cúiseanna sin le tosca arbh ann dóibh sular fhág na daoine sin Éire agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh baint a bheith acu le mí-úsáid alcóil nó mí-úsáid substaintí. Na tionscadail a dtacaítear leo, bíonn siad ceaptha chun seirbhísí meabhairshláinte feabhsaithe a chur ar fáil agus cur leis an bhfáil atá ar sheirbhísí meabhairshláinte reachtúla, go háirithe i gcás na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais chasta acu, eisimircigh atá díreach tagtha agus daoine scothaosta.




*Cór na bPinsinéirí Éireannacha i Londain ag canadh ag Ambasáid na hÉireann, Londain.*

Tuairiscíonn eagraíochtaí comhpháirtíochta an Chláir Tacaíochta Eisimirceach go bhfuil méadú ar an éileamh ar thacaí i réimse na meabhairshláinte. Díreoimid go háirithe ar mheabhairshláinte na n-eisimirceach sa dá mhí dhéag atá romhainn, ag obair dúinn le comhpháirtithe, d'fhonn pictiúr níos soiléire a fháil den riachtanas agus freagra a thabhairt ar an riachtanas sin. Ag freagairt dúinn d'éilimh ó na hionaid inimirce Éireannacha i Nua-Eabhrac, beidh sainseirbhísí oiliúna agus comhairleoireachta á seoladh againn sa chathair sin in 2015 i gcomhar le Teach Pieta.

## Gan Cáipéisí Inimirce

Is féidir le stádas dlíthiúil na n-eisimirceach Éireannach dul i bhfeidhm go mór ar a saol, agus is féidir leis a bheith ina chúis le strus agus cruatan pearsanta ina gcás siúd nach bhfuil ceart bunaithe acu chun fanacht sa tír ina bhfuil cónaí orthu. Tá dúshláin ar leith le sárú acu siúd atá gan cáipéisí inimirce sna Stáit Aontaithe. Cé go gcuirimid fáilte roimh an bhfógra ón Uachtarán Obama ar an 20 Samhain 2014 go bhfuiltear chun gníomhaíocht feidhmiúcháin a dhéanamh maidir le hathchóiriú na hinimirce, agus go mbeidh faoiseamh ar fáil do dhaoine dá barr, beidh daoine eile fós taobh amuigh de théarmaí na gníomhaíochta a fógraíodh. Beidh tuilleadh gníomhaíochta reachtaíochta ó Chomhdháil na Stát Aontaithe ag teastáil chun déileáil go cuimsitheach leis an gceist sin.

Bliain Iontrála chuig na Stáit ag cónaitheoirí a rugadh in Éirinn 2011-2013




Leanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar aghaidh ag obair i gcomhar le lucht cinnteoireachta sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile chun éascú do shaoránaigh Éireannacha a stádas inimirce a chur i gceart agus a chinntiú go mbeidh ceart chun taistil acu de réir mar is gá. Faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach, tugtar cistiú d'eagraíochtaí thar lear a thugann comhairle phraiticiúil maidir le víosaí agus inimirce, agus a chuireann cúnamh ar fáil anseo in Éirinn dóibh siúd arbh éigean dóibh filleadh abhaile. Anois nuair atá líon níos mó agus níos mó Éireannach i gcinn scríbe nua, is feasach i gcónaí don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil saoránaigh Éireannacha eolach ar a gcearta ina gcáil mar eisimircigh agus gur féidir leo leas a bhaint as gach deis atá ar fáil dóibh.

## Faisnéis réamhimeachta

Is tábhachtach an rud é go nglacfadh na daoine atá ag fágáil na tíre an t-am chun tuiscint a fháil ar a gceann scríbe, agus ar na héilimh ar leith a d'fhéadfadh a bheith orthu agus, más ábhartha, ar a dteaghlaigh.  D'fhéadfadh difríochtaí sa tsochaí a bheith i gceist freisin nach mór a chur san áireamh roimh fhágáil, agus ar theacht chuig tír nua.  Ar leibhéil éagsúla, coinníonn eisimircigh Éireannacha bratach a ndúichí féin in airde; cibé acu is mian leo nó nach mian, féadfaidh an dearcadh a bheith ann ina leith gur ionadaithe d'Éirinn iad agus is gá iad a ullmhú chuige sin.

Fáilteoimid roimh thograí chun iadsan a bheidh ag fágáil ar feadh achar ama, bíodh sé fada nó gearr, a ullmhú ionas go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar a gcinn scríbe. Mar sin féin, aithnímid go bhfuil formhór mór na n-eisimirceach in ann breathnú ina ndiaidh iad féin agus gur shin é is mian leo déanamh.

## Ag breathnú chun cinn

Anois nuair atá líon níos mó agus níos mó eisimirceach i gcinn scríbe ar nós Cheanada agus na hAstráile, is féidir go mbeidh méadú ar riachtanais leasa na bpobal sin sna blianta atá romhainn. Trí thacaíocht a chur ar fáil d'eisimircigh ó thús báire, táthar ag súil go seachnófar deacrachtaí móra, tromchúiseacha sna blianta ina dhiaidh sin. Is ar bhonn éilimh a chuirtear cúnamh ar fáil faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach, agus cuirimid fáilte roimh iarratais nua ar chistiú ó na tíortha sin.



# An tSiúr Cosmas Cullen
# Kampala
# Uganda

**Tháinig mé go dtí Uganda in 1949 ar an mbád ó Southampton go Mombasa trí Chanáil Suaise, agus ansin bhí turas trí lá romham ar an traein go dtí Lugazi, áit ar tháinig mé go dtí mo chéad mhisean, coláiste oiliúna múinteoirí in Nkokonjeru.**

Áit dhifriúil ab ea Uganda an tráth sin – daonra timpeall is cúig mhilliún duine a bhí ann agus bhí stráicí móra den tuath a raibh an dealramh orthu nach raibh ina gcónaí iontu ach ainmhithe fiáine agus a súile glasa ag lonradh i soilse an chairr. Baile beag álainn arbh ea Kampala, gan plódcheantair ar bith ann agus crainn faoi bhláth feadh na Príomhshráide.

Thug mé grá d'Uganda ón tús. Bhí na daoine cairdiúil agus fáilteach agus ba mhór an spórt na mic léinn a mhúineadh – bhí siad cliste, cumasach, cúirtéiseach agus bhí fonn foghlama orthu. Bhí mé ag múineadh ar gach leibhéal, ó leibhéal na bunscoile go dtí leibhéal na meánscoile, agus anois agus mé ar scor tugaim cúnamh do na múinteoirí in dhá naíscoil... Is in Uganda atáim toisc go bhfuilim i mo bhall de phobal misinéirí agus go dtéim pé áit a gcuirtear mé!

Tá formhór na ndaoine muinteartha liom in Éirinn imithe ar shlí na fírinne ach tá col ceathracha liom fós ansin, agus tá dhá chlochar againn i mBaile Átha Cliath agus i nDún Dealgan, áit a mbeidh mé ag dul ar scor amach anseo. Fuair mé tacaíocht ó Mhisean Cara ar feadh tréimhse ama, ach tháinig deireadh leis an tacaíocht sin nuair a shlánaigh mé ochtó bliain d'aois. Seachas sin, fuair mé tacaíocht ó chairde agus ó ghaolta. Chabhraigh an tacaíocht sin liom dhá naíscoil a thógáil agus tacú le hobair Fhondúireacht Teru do pháistí faoi mhíchumas, atá á reáchtáil ag duine a bhí faoi mo choimirce mar mhac léinn.

Spreagfainn duine ar bith chun teacht go dtí Uganda go bhfeicfidís féin an tír álainn seo, lena haeráid thaitneamhach agus a pobal cairdiúil. Is féidir leis an dianbhochtaineacht agus an difríocht shuntasach idir na daoine saibhre agus na daoine bochta do dhúshlán a chur, ach is sásúil an rud é an deis a bheith agat saol daoine a athrú chun feabhais. Ó mo thaithí féin, is dóigh liom gurb amhlaidh, trí oideachas a chur ar dhaoine óga, agus ar na cailíní go háirithe, gur thug mé dóibh an t-aon rud amháin nach féidir le duine ar bith a bhaint díobh, agus a fhágfaidh go mbeidh deiseanna acu sa saol nach bhféadfaidís a thapú murach an t-oideachas sin.

## "Tá formhór na ndaoine muinteartha liom in Éirinn imithe ar shlí na fírinne ach tá col ceathracha liom fós ansin, agus tá dhá chlochar againn i mBaile Átha Cliath agus i nDún Dealgan, áit a mbeidh mé ag dul ar scor amach anseo"

# Ag Ceangal leis an Diaspóra

**Tá ról ag an Rialtas maidir le feasacht níos mó a spreagadh i leith na hÉireann agus i leith na gceangal ar ann dóibh i measc lucht an diaspóra agus idir an diaspóra agus Éire. Ní mór dúinn é a chur ar chumas an diaspóra ceangal a bhunú le hÉirinn ar bhealaí éagsúla chun freastal ar riachtanais éagsúla.**

**Tá síor-idirghníomhú agus cumarsáid dhá bhealach de dhíth i gcomhair an chaidrimh leis an diaspóra, mar a luaitear in *Ireland and America: Challenges and Opportunities in a New Context*, a d'fhoilsigh Ambasáid na hÉireann in Washington in 2014.**

## Cur Chuige Uile-Rialtais

**Gníomhaíocht uile-Rialtais** is ea an caidreamh leis na hÉireannaigh thar lear. San am atá caite, is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a ghlac an phríomhpháirt maidir le bheith ag obair leis an diaspóra, ach is ea is minice agus is minice anois gur freagracht é sin a chomhroinntear ar fud ranna agus gníomhaireachtaí stáit éagsúla.

Tá ról lárnach ag Roinn an Taoisigh, agus í ag obair in éineacht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, maidir le comhordú a dhéanamh ar an gcur chuige uile-Rialtais sin i leith na rannpháirtíochta leis an diaspóra. Le cruthú ról nua an Aire Gnóthaí Diaspóra, ról atá lonnaithe i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála araon, léirítear go soiléir an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige comhcheangailte sin.

Bíonn éagsúlacht mhór le sonrú sna saincheisteanna a thagann chun cinn ar fud na ranna. Mar shampla, bíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Fiontraíocht Éireann ag obair le chéile maidir le rannpháirtíocht institiúidí acadúla na hÉireann le céimithe agus maidir le cur chun cinn an bhranda 'Oideachas in Éirinn'.

Tá ról tábhachtach le himirt ag ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais maidir leis an rannpháirtíocht le Líonra Éireannaigh an Domhain, go háirithe tríd an obair a dhéanann Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, a bhfuil aghaidh tugtha aige ar shaincheisteanna i réimsí amhail an óg-dhífhostaíocht, spóirt agus turasóireacht agus aosú cliste agus agraibhia. Bhí sé ina phríomhchuspóir ag Fóram na bliana 2013 ionchur a sholáthar don fhorbairt leanúnach ar an mbeartas náisiúnta le haghaidh ár dtéarnaimh gheilleagraigh agus bhí réimse moltaí ina n-ionchur díreach don Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014.

Tá rochtain ar lucht oibre atá oilte go cuí ag teacht chun cinn mar shaincheist thábhachtach i leith théarnamh geilleagrach na hÉireann. Tá réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus eagraíochtaí de chuid na hearnála príobháidí ag dul i mbun tionscnamh atá ceaptha chun deiseanna fostaíochta a chur chun cinn don diaspóra Éireannach.

Tá leas ag gach roinn agus gach gníomhaireacht stáit i gcáil na hÉireann thar lear agus aithníonn siad an ról ar féidir leis an diaspóra a ghlacadh, agus a ghlacann sé, maidir leis an cháil sin a chosaint agus a fheabhsú.

Ina theannta sin, ní mór na cúinsí riaracháin a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ina mbac ar na heisimircigh Éireannacha ar mian leo filleadh abhaile. I measc na nithe ar féidir leo dul i bhfeidhm go mór ar shaol na ndaoine a fhágann Éire agus iad siúd atá ag iarraidh filleadh abhaile, tá siad seo a leanas:

- Aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí.
- Aitheantas frithpháirteach doiciméad.
- Teidlíochtaí leasa shóisialaigh.
- Rochtain ar chúram leanaí.
- Rochtain ar an oideachas.
- Víosaí.

**In 2014, de bharr comhair idir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Ambasáid na hÉireann in Ottawa agus údaráis Cheanada, baineadh amach comhaontú maidir le malartú ceadúnas tiomána Éireannach ar cheadúnais áitiúla in Ontario, New Brunswick agus Saskatchewan, agus tá dul chun cinn mór déanta maidir le réigiúin eile. Saincheist thábhacht don phobal Éireannach i gCeanada is ea an t-aitheantas don cheadúnas tiomána Éireannach, toisc go gcuirtear go mór le cumas a lán eisimirceach nua Éireannach post a fháil de bharr comhaontuithe aitheantais a bheith curtha i gcrích.**

## Cur chun Feidhme

Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a bheidh ag stiúradh cur chun feidhme an Bheartais Diaspóra den chuid is mó, i gcomhar leis an líonra ambasáidí agus consalachtaí agus i bpáirtíocht le Roinn an Taoisigh.

Beidh an tAire Gnóthaí Diaspóra ina chathaoirleach ar choiste nua, **An Coiste Idir-Rannach maidir leis na hÉireannaigh Thar Lear**, le rannpháirtíocht ó pháirtithe leasmhara seachtracha agus ó ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann mar is gá, chun a chinntiú go mbeidh an Rialtas ag obair ar bhealach comhcheangailte chun cuspóirí ár straitéise diaspóra a bhaint amach. Áireofar leis sin aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar na hÉireannaigh thar lear agus orthu siúd ar mian leo filleadh abhaile.

Beidh an Coiste, a bhfuil a bhallraíocht sonraithe in Iarscríbhinn 2, ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil agus tuairisceoidh sé go tréimhsiúil don Rialtas ar an dul chun cinn. Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar chur chun feidhme an bheartais seo tar éis dhá bhliain.

## Gníomhachtúchán Áitiúil i gcomhair Aimsiú Domhanda

Baineann tábhacht ollmhór leis an ómós áite in Éirinn. I gcás go leor de mhuintir na hÉireann thar lear, ní Éireannaigh amháin iad, ach daoine de bhunadh contae, baile agus fiú baile fearainn ar leith. Is féidir leis an gcion sin ar áit ar leith teacht anuas trí na glúine. Cé go mb'fhéidir nach bhfuil an gaol le contae ar leith chomh láidir is a bhíodh sna príomhionaid thraidisiúnta eisimirce, is ann fós don chion ar áit.

Le blianta beaga anuas, bhí roinnt tionscnamh ar bun in Éirinn lenar léiríodh chomh héifeachtach is atá sé tógáil ar an ómós áite sin. In 2013, thaispeáin Tóstal Éireann go soiléir dúinn gur féidir pobail áitiúla a spreagadh chun ceangail dhomhanda a bhunú. Ba iad na pobail áitiúla a d'eagraigh an chuid is mó den 5,000 imeacht a cuireadh ar bun. I roinnt cásanna, beidh rian na for-rochtana sin fós ag dul chun tairbhe na bpobal sin.

Tá neart na hearnála pobail mar spreagthóir na turasóireachta diaspóra aitheanta faoin Tionscnamh Turasóireachta Pobail nua don diaspóra, lena bhféachtar le cur leis an rian a d'fhág Tóstal Éireann. Faoin tionscnamh, ar comhpháirtíocht é idir Fáilte Éireann, an chuideachta IPB Insurance agus na 34 Údarás Áitiúla, faoi choimirce an Chumainn Bainisteoirí Contae agus Cathrach, táthar ag soláthar ciste bliantúil 1m thar an tréimhse 2014-2016 chun tacú le suas le 700 imeacht agus féile áitiúil sa phobal gach bliain.

San am atá caite, is iad contaetha an Iarthair is measa a bhí buailte ag an eisimirce, mar a bheifeá ag súil leis, toisc nach raibh a lán post agus deiseanna ar fáil. Dá bhrí sin, is ag na contaetha sin atá na diaspóraí is mó, ar féidir leas a bhaint astu mar acmhainn agus mar bhealach chun ceangal a bhunú leis an domhan.

Tá an deis ann do phobail agus do chontaetha in Éirinn lámh a shíneadh amach chuig a ndiaspóraí féin agus dul i mbun muintearais a rachaidh chun tairbhe na forbartha áitiúla agus réigiúnaí. Tá roinnt contaetha gníomhach

cheana féin ina gcuid iarrachtaí a ndiaspóraí féin a spreagadh. Díol suntais is ea an obair atá déanta ag Dún na nGall, Ciarraí, Luimneach agus Maigh Eo ina thaobh sin.

In 2015 beimid ag tacú le hÚdaráis Áitiúla agus le Coistí Forbartha Pobail Áitiúla chun iarracht a dhéanamh daoine dá ndiaspóraí a aithint, agus tionscnaimh a cheapadh chun an caidreamh sin a chothú.  Áireofar leis sin foireann uirlisí a fhorbairt do na húdaráis áitiúla, chun cabhrú a gcuid acmhainne a fhorbairt sa réimse sin. Ina theannta sin, sainaithneoimid deiseanna chun dul i dteagmháil le diaspóraí na gcontaetha trí na hOifigí Fiontair Áitiúil.

### An Ginealas

Is minic gurb é an fonn a bhíonn orthu a stair theaghlaigh a rianú a spreagann daoine de bhunadh na hÉireann chun a gceangail le hÉirinn a ghníomhachtú. An té ar mian leis a stair theaghlaigh a rianú, ní mór fáil éasca a bheith aige ar thaifid. Bhí an digitiú a rinneadh ar thaifid daonáirimh 1901 agus 1911 ina uirlis luachmhar le haghaidh taighde ginealais.

Is suntasach an tionscnamh sa réimse sin freisin é an plean atá beartaithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun a bailiúchán iomlán de na cláir pharóiste Chaitliceacha ar mhicreascannán a chur ar fáil ar líne saor in aisce.

**Is tionscnamh neamhbhrabúis deonach nuálach é Éire XO (Ireland Reaching Out), arna thacú faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach, a fhéachann le ceangail mharthanacha bhríomhara a bhunú idir diaspóra na hÉireann agus a gcuid paróistí dúchais in Éirinn. Smaoineamh simplí atá i gceist sa chlár; in áit fanacht go dtabharfaidh daoine de bhunadh na hÉireann faoina stair theaghlaigh a rianú, sainaithníonn Éire XO iad siúd a d'fhág, déanann sé iad féin agus a sliocht ar fud an domhain a rianú, agus tugann sé cuireadh dóibh a bheith ina gcuid dá bpobal féin. Cuireann oibrithe deonacha Éire XO fáilte roimh dhaoine den diaspóra Éireannach atá ag filleadh ar cheantair áitiúla, cuireann siad in aithne iad do na háiteanna agus na daoine a bhfuil ceangal acu leo, ag súil le caidreamh ar feadh an tsaoil a bhunú, ar bhonn na féiniúlachta cultúrtha agus na hoidhreachta comhroinnte.**



*Féile na hÉireann in Oulu na Fionlainne. Grianghraf: Juha Pekka Manninen.*

## Cumarsáid

Tá cumarsáid éifeachtach ina bunriachtanas i leith rannpháirtíocht dháiríre leis an diaspóra. Trí mheán na teicneolaíochta nua-aimseartha, is tábhachtaí agus is furasta anois ná riamh é dul i mbun rannpháirtíochta le pobail Éireannacha ar fud an domhain. Bhí an gá atá le cumarsáid níos fearr leis na hÉireannaigh thar lear ar cheann de na téamaí is láidre a d'eascair as an gcomhairliúchán poiblí ar bheartas diaspóra. Is mian le daoine a bhraith go bhfuil ceangal acu lena chéile, agus ba mhaith leo go nglacfadh an Rialtas ról maidir leis sin a bhaint amach.

***"an urgent need for stronger official communications between Ireland and the Irish abroad"***
**– Noreen Bowden**

***"desire for increased communication regarding Ireland and engagement with the diaspora"***
**– suirbhé a rinne Cumann Lucht Tráchtála na nÉireannach san Astráil**

### Aighneachtaí maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Diaspóra

Le deich mbliana anuas, d'aimsíomar na huirlisí atá uainn chun an méid sin a dhéanamh. Ní raibh sé riamh chomh héasca is atá anois eolas a chomhroinnt agus dul i dteagmháil lena chéile. Ní mór dúinn **feabhas a chur ar ár gcumarsáid, rud a chothóidh ár gcaidreamh leis an diaspóra.** Dúshlán a bheidh ann spriocghrúpaí ar leith a shainaithint agus ár gcuid cumarsáide a chur in oiriúint dóibh. Ag tosú amach dúinn, beidh ár gcuid cumarsáide dírithe ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu agus ar a gcaidreamh le hÉirinn, ach ní féidir linn dul i mbun rannpháirtíocht éifeachtach le pobail Éireannacha go hidirnáisiúnta agus tacú leo mura bhfuil a fhios againn cé na hábhair cúraim atá acu. **Ní mór go mbeadh an chumarsáid leis an diaspóra ag dul an dá bhealach. Éistfimid leis an diaspóra.**

Tá ról an **Aire Stáit i gcomhair Gnóthaí Diaspóra** ina ghné lárnach den chumarsáid níos fearr. Baineann an-tábhacht leis an ról sin maidir le tuairimí na nÉireannach thar lear a chur in iúl don Rialtas agus freagra an Rialtais a chur in iúl do na hÉireannaigh thar lear.

Ina theannta sin, tá sraith tionscnamh á cruthú againn chun feabhas a chur ar leibhéal agus minicíocht na cumarsáide leis an diaspóra agus chun an deis a thabhairt dóibh ceangal níos fearr a bheith acu le hÉirinn.

- **Éireannaigh an Domhain**
  Mol is ea Éireannaigh an Domhain d'eisimircigh agus dóibh siúd ar de bhunadh na hÉireann iad chun teacht ar eolas ar raon ábhar, lena n-áirítear faisnéis faoi naisc le hÉirinn a choinneáil beo, agus a bheith i dteagmháil le hÉirinn, trí mheán an spóirt, na hoidhreachta, an chultúir agus mheáin chumarsáide na hÉireann. Cuireann an mol faisnéis ar fáil freisin chun cabhrú le daoine socrú isteach ina n-áiteanna cónaithe nua thar lear, amhail naisc le clubanna, cumainn agus líonraí gnó idirnáisiúnta Éireannacha. Áirítear leis an mol freisin rannóg dóibh siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar Éirinn, ina bhfuil eolas ar dheiseanna fostaíochta agus oiliúna, ar thacaí maidir le do ghnó féin a chur ar bun agus leideanna cabhrach faoi chur fút in Éirinn, amhail faisnéis maidir le tithíocht agus oideachas. Beidh an mol ag teacht chun cinn de réir mar a bheidh tuilleadh acmhainní ar líne ar fáil agus mar fhreagra ar thuairimí na n-úsáideoirí.

- **Nuachtlitir Éireannaigh an Domhain**
  Cuirfimid teachtaireachtaí rialta amach ar an ríomhphost chuig na hÉireannaigh thar lear faoi ábhair is spéis leo, lena n-áirítear nuacht as Éirinn, gné-ailt faoi ngeilleagar agus eolas faoi dheiseanna sa bhaile. Díreofar sa nuachtlitir freisin ar scéalta suntasacha is spéis le pobail Éireannacha ar fud an domhain. Is féidir d'ainm a chlárú don nuachtlitir ar Éireannaigh an Domhain. Chuir Crosscare smaoineamh an chláir teagmhála i láthair le linn an phróisis comhairliúcháin agus d'fhormhuinigh Comhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil é.

- **An nuachtlitir *All About Jobs***
  Rannóg thiomnaithe is ea 'all about jobs' ar shuíomh nuachta lárnach an Rialtais, merrionstreet.ie, ina bhfuil an nuacht agus an fhaisnéis is déanaí, féilire mór-imeachtaí Rialtais ar fud na tíre do ghnólachtaí beaga agus lucht cuardaigh fostaíochta, agus faisnéis ar na feachtais mhóra Rialtais amhail an Plean Gníomhaíochta maidir le Poist agus *Pathways to Work*. Tá nuachtlitir ríomhphoist ar fáil atá lán leis an nuacht is déanaí, mar aon le fógraí poist agus staitisticí ábhartha ach clárú ag merrionstreet.ie.

- **Na Meáin Shóisialta**
  Cuirfimid leis an láithreacht atá againn ar na meáin shóisialta, ag tosú le Twitter, rud a chuirfidh ar chumas

an phobail idirghníomhú ar shlí fhollasach, láithreach. De bharr na teagmhála agus na cumarsáide leanúnaí sin, fágfar níos éasca againn é saincheisteanna a bhreithniú agus beidh treoir ar fáil dár gcuid pleananna agus gníomhartha.

Cé go bhfuil sé ar intinn againn leathnú a dhéanamh ar raon na modhanna cumarsáide a mbainimid úsáid astu, beidh na huirlisí atá ann cheana féin in úsáid go fóill. Cuirfimid fáilte, mar a chuir i gcónaí, roimh aiseolas agus teagmhálacha i scríbhinn, ar an teileafón agus ar an ríomhphost.

Ba mhaith linn cumarsáid a dhéanamh leis na hÉireannaigh thar lear sna bealaí céanna a roghnaíonn siad chun cumarsáid a dhéanamh le chéile.

## Na Meáin

Tá an-éileamh i measc na bpobal Éireannach idirnáisiúnta ar nuacht na hÉireann agus ar stáisiúin raidió agus teilifíse as Éirinn. Tá soláthraithe poiblí agus príobháideacha ag freagairt don éileamh sin:

- Trí RTÉ Player International, TV3 Player, Seinnteoir TG4 agus UTV Ireland Player, is féidir leo siúd a bhfuil rochtain idirlín acu féachaint ar réimse leathan clár teilifíse as Éirinn.
- I mí Iúil 2014, rinne TG4 socrú le cainéal sna Stáit Aontaithe faoina ndéantar ábhar dá cuid a chraoladh sna Stáit Aontaithe gach lá. Tá an t-ábhar á chraoladh ag Today's Ireland, ar cainéal seirbhíse poiblí saor in aisce oideachasúil é sna Stáit Aontaithe.
- Tá gach stáisiún raidió náisiúnta á chraoladh ar líne.
- Tá beagnach gach ceann de mhórnuachtáin na hÉireann ag cur lena láithreacht ar líne, agus bíonn cion nach beag ábhair ar fáil ar líne.
- Tá RTÉ agus CLG tar éis GAAGO a sheoladh chun cur leis an bhfáil atá ar Chraobhchluichí CLG ar fud an domhain.

Tá líon mór foilseachán agus clár raidió ag an diaspóra féin, agus, ina theannta sin, tá roinnt cuideachtaí nua, idir chuideachtaí teilifíse agus chuideachtaí ar líne, ag cruthú clár don diaspóra agus mar gheall orthu, lena n-áirítear Irish TV; An Lár agus Today's Ireland.

## Ciste Meáin Éireannaigh an Domhain – Ag tacú le Tuairisciú na Meán Cumarsáide ar Shaincheisteanna Diaspóra

Tá freagra dearfach tugtha ag na meáin ar an mbabhta is déanaí eisimirce. Ní amháin gur chaith siad leis an eisimirce, mar is dual di, mar cheist beartais phoiblí, ach tá scrúdú déanta acu ar an tionchar daonna a bhíonn aici orthu siúd a d'fhág an baile agus orthu siúd a fágadh ina ndiaidh. Sampla de sin is ea an tsraith *Generation Emigration* ó The Irish Times.

Is mian leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tuilleadh tuairiscithe ardchaighdeáin a spreagadh maidir le gach gné d'eispéireas na n-eisimirceach Éireannach.

Seolfaimid Ciste Meáin Éireannaigh an Domhain chun tacú le heagraíochtaí nuachta agus iriseoirí agus iad ag insint scéalta ó na hÉireannaigh thar lear agus scéalta fúthu, agus scéalta faoi thionchar na heisimirce ar na daoine sa bhaile.



*An Taoiseach agus é ag bualadh le daoine óga de chuid an diaspóra i Nua-Eabhrac, Meán Fómhair 2014*

## Cultúr

Thar aon ghné eile d'Éirinn nó dár bhféiniúlacht Éireannach, sroicheann ár gcultúr gach cearn den domhan. Tá sé ar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun ceangal a bhunú le diaspóra na hÉireann ar fud an domhain, chun an ceangal leis an mbaile a neartú agus chun an fhéiniúlacht Éireannach a chur in iúl síos trí na glúine. Cuireann ár gcultúr, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, pictiúr saibhir, casta i láthair do luchtanna féachana éagsúla an domhain.

Deis is ea Lá Fhéile Pádraig gach uile bhliain chun díriú ar cheiliúradh a dhéanamh ar ár gcultúr agus ár n-oidhreacht shaibhir, go háirithe i réimsí na litríochta, na healaíne agus an cheoil. Tugann sé an seans dúinn cultúr lách an mhíle fáilte a chomhroinnt le daoine eile. Fiú i dtíortha ina bhfuil feasacht níos lú i leith na hÉireann, is beo bríomhar ár gcultúr.

**Aithníonn Cultúr Éireann an tábhacht a bhaineann le cultúr agus féiniúlacht chultúrtha dár n-eisimircigh. Tacaíonn sé le himeachtaí ealaíon lena dtugtar deis thábhachtach chun dul i mbun rannpháirtíochta leis an diaspóra agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir lena gcuid ceangail chultúrtha le hÉirinn a chothabháil.**

**Tacaíonn Cultúr Éireann le go leor imeachtaí ealaíon ar fud an domhain. Áirítear leo sin féilte scannáin agus ceoil Éireannaigh inar chothaigh réimse teagmhála an diaspóra luchtanna féachana nua do na healaíona Éireannacha, de bhreis ar na daoine a bhfuil ceangal acu le hÉirinn.**

**Tacaíonn Cultúr Éireann freisin le clár bliantúil imeachtaí in ionaid Éireannacha thar lear, agus é ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar nós Ionad Ealaíon na hÉireann i Nua-Eabhrac, Centre Culturel Irlandais, Páras agus Ionad na nÉireannach i Londain.**

### An Ghaeilge

Tá tacaíocht i gcomhair tionscnaimh Ghaeilge thar lear tugtha do Ghlór na nGael tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach ó 2007 i leith. Reáchtálann Glór na nGael an scéim Global Gaeilge, faoina dtugtar tacaíocht do thionscnaimh Ghaeilge idirnáisiúnta. Tá cistiú nach beag faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach curtha ar fáil chomh maith do Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ó 2005 i leith, i dtreo a chuid gníomhaíochtaí sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe, lena n-áirítear cothú agus cur chun cinn na Gaeilge.

Cuirimid fáilte roimh mholtaí maidir le múineadh agus foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn inár bpobail diaspóra. Mar shampla, deonaíodh cistiú do dhá scoil samhraidh Ghaeilge in 2014 faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach.

De bharr infheistíochta ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i dTionscadal Leithdháilte Ábhair TG4 in 2013/2014, cuireadh deiseanna ar fáil chun cláir de chuid TG4 a chur ar an margadh ar fud an domhain agus é a fhágáil níos éasca ag luchtanna féachana TG4 a aimsiú agus a rochtain. Tá an acmhainn ag an tionscadal seo freisin chun tacú le cruthú tairseacha gréasáin agus feidhmchláir nuálacha nua um fhoghlaim na Gaeilge. Ceann de na tosaíochtaí atá ag TG4 i gcomhair na bliana 2015 is ea forbairt a dhéanamh ar acmhainn ilghníomhach foghlama Gaeilge, a bheidh ar fáil ar ardáin éagsúla, mar thionscnamh suntasach don Chomóradh Céad Bliain.

### Ceol agus Damhsa

Bíonn an-tóir ag diaspóra na hÉireann ar an gceol agus damhsa Gaelach, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, agus is mór ag ealaíontóirí Éireannacha an deis a gcuid scileanna agus a dtaithí féin a fhorbairt. Fiú le fiche bliain anuas, tá an damhsa Gaelach feicthe ag níos mó luchtanna féachana ar fud an domhain ná mar a bhí amhlaidh riamh cheana, cuid de sin a bhuíochas leis an rath iontach a bhí ar Riverdance.

Tacaíonn Comhaltas Ceoltóirí Éireann leis an gceol agus damhsa traidisiúnta Gaelach ar fud na cruinne agus tá an obair a dhéanann sé ar bhonn idirnáisiúnta ag cabhrú na traidisiúin sin a choinneáil beo. Trí na céadta brainsí atá aige ar fud an domhain, cuireann Comhaltas ranganna ar fáil, eagraíonn sé féilte, tugann sé ceoltóirí agus damhsóirí ar camchuairt agus foilsíonn sé taifeadtaí, leabhair agus ranganna teagaisc a bhaineann leis an gceol traidisiúnta Gaelach. Leanfaimid ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhaltas chun a chinntiú gur féidir leis na hÉireannaigh thar lear leas a bhaint as a gcuid seirbhísí.

## Spórt

Díograiseoirí spóirt amach is amach is ea na hÉireannaigh sa bhaile agus thar lear agus tá na spóirt Ghaelacha, go háirithe, ina gcuid an-tábhachtach dár gcultúr agus dár n-oidhreacht. Díreach mar a thagann an pobal le chéile ag cluichí iománaíochta, camógaíochta agus peile i mbailte agus sráidbhailte in Éirinn, tagann go leor pobail Éireannacha thar lear le céile ag imeachtaí spóirt dá leithéid freisin. Tá tábhacht na gcluichí Gaelacha agus an phobail spóirt a bhaineann leo i súile mhuintir na hÉireann thar lear le sonrú sa mhéadú atá tagtha ar líon na gclubanna lasmuigh d'Éirinn le blianta beaga anuas, agus tá clubanna bunaithe anois in áiteanna ó Mhaenmar go dtí an Afraic Theas, agus ó Buenos Aires go Saskatoon.

## An Litríocht

Téann scríbhneoirí na hÉireann i bhfeidhm ar dhaoine i bhfad i gcéin ón Stát seo. Go leor dár scríbhneoirí iomráiteacha, bhí siad ina gcónaí thar lear tráthanna éagsúla sa saol agus bíonn an machnamh a dhéanann siad ar an eispéireas sin le feiceáil ina gcuid saothar. Is amhlaidh atá i gcás gach duine de cheathrar buaiteoirí Éireannacha na Duaise Nobel don Litríocht. Tacaímid le roinnt taispeántas camchuairte faoi Éireannaigh a bhfuil clú agus cáil orthu i dtaobh an chultúir, lena n-áirítear taispeántais faoi shaol agus shaothar James Joyce, William Butler Yeats agus Samuel Beckett.

Yeats 2015

Beidh an comóradh 150 bliain ar bhreith W.B. Yeats á cheiliúradh ar feadh na bliana 2015. Áireofar le comhpháirtithe Yeats2015 daoine ó shaol na litríochta, saol an chultúir, saol na staire agus an saol acadúil, agus beidh idir imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar siúl.

## Cláir sa Léann Éireannach

Leanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar aghaidh ag tacú le cláir sa Léann Éireannach thar lear lena dtugtar deis fhoirmiúil do lucht an diaspóra dul i mbun rannpháirtíochta lena gcuid oidhreachta i gcomhthéacs oideachasúil. Tá cláir ar fáil in institiúidí ar fud an domhain lena n-áirítear: Institiúid Keogh-Naughton, Ollscoil Notre Dame; Áras Glucksman na hÉireann, Ollscoil Nua-Eabhrac; agus Ionad an Léinn Éireannaigh, Ollscoil Charles, Prág.

## Infheistíocht chaipitiúil sa bhonneagar cultúir agus oidhreachta

Tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach, tá infheistíocht déanta ag an Rialtas i mbonneagar roinnt de na príomhinstitiúidí cultúir Éireannacha ar fud an domhain, lena n-áirítear Ionad Ealaíon na hÉireann i Nua-Eabhrac agus Ionad Cultúir na hÉireann i Londain.

Chomh maith leis sin, tá cistiú curtha ar fáil do CLG chun a gcuid áiseanna a fheabhsú agus a fhorbairt ionas go mbeidh tionchar níos mó acu ar na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu. In 2012, mar shampla, cuireadh deontas €600,000 ar fáil chun áiseanna lucht féachana a fhorbairt ag Ruislip, ceanncheathrú CLG i Londain.

Cuidíonn an infheistíocht chaipitil a chinntiú go ndéanfar na háiseanna do chultúr agus oidhreacht na hÉireann a chothabháil agus a chosaint agus is féidir léi feidhmiú mar phointe fócais do phobail eisimirceach agus do phobail diaspóra, mar aon le pobail neamh-Éireannacha.




*Peil Ghaelach i San Francisco.*
*Grianghraf: Brendan Moran/SPORTSFILE.*

### Ceiliúradh

Le linn na Cuairte Stáit a thug an tUachtarán Ó hUigínn ar an mBreatain i mí Aibreáin 2014, cuireadh ceiliúradh ceoil sainchoimisiúnaithe ar na ceangail chultúrtha idir Éire agus an Bhreatain, Ceiliúradh, ar bun i Halla Ríoga Albert i Londain. Ceoltóirí iomráiteacha a bhí ar chlár na ceolchoirme, a bhí coimisiúnaithe ag Cultúr Éireann. Is mór an méid daoine a chonaic nó a chuala an cheolchoirm, a craoladh ar líne agus ar an modh traidisiúnta araon.

Bhí an cultúr ina théama lárnach ag gach cruinniú de chuid Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain a tionóladh go dtí seo. Cé go n-aithnítear go bhfuil ról luachmhar ag an gcultúr chun cuidiú linn Éire a chur os comhair an tsaoil, chun branda na hÉireann a chur in iúl agus deiseanna a chruthú, bíonn i bhfad níos mó ná sin i gceist leis. Tríd an gcultúr, déantar samhlaíocht agus cruthaitheacht na hÉireann a spreagadh, a chothú agus a chur in iúl.

### Taispeántas: *Visualising the Irish Diaspora*

Tá Ionad BSL don Staidéar ar Ealaín Éireannach ag an Dánlann Náisiúnta tar éis tabhairt faoi chartlann a bhunú ina mbeidh íomhánna arna dtáirgeadh lasmuigh d'Éirinn a bhfuil gné láidir Éireannach ag baint leo trína léiriú ar dhiaspóra na hÉireann. Amach in 2015, beidh an Dánlann ag cur i láthair taispeántais d'íomhánna a bhaineann leis an eisimirce ó Éirinn agus le diaspóra na hÉireann i Meiriceá Thuaidh. Táthar ag súil go ndéanfar machnamh sa taispeántas ar stair na heisimirce as Éirinn agus go háirithe ar an bhfísléiriú ar na heisimircigh. Beimid ag obair i gcomhar leis an Dánlann Náisiúnta chun suim a mhúscailt i measc na nÉireannach a bhfuil cónaí orthu thar lear agus chun tacú le cur ar fáil agus cur in iúl an tionscadail don diaspóra.

### Inspiring Ireland

Tá an Rialtas ag tacú le *Inspiring Ireland*, tionscnamh spreagúil, suntasach nua maidir le bailiúcháin náisiúnta na hÉireann. Beidh rochtain shaor in aisce ar fáil ag www.inspiring-ireland.ie ar na seoda atá i seilbh institiúidí cultúrtha na hÉireann a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, lena n-áirítear iarsmalanna, leabharlanna, dánlanna, cartlanna agus amharclanna náisiúnta na tíre. Tá an comhoibriú ag fáil tacaíochta ó bhord comhairleach idirnáisiúnta, faoi stiúir John Hartnett, a chabhróidh leis an treoir teicneolaíochta agus an tráchtálú agus a spreagfaidh tacaíocht airgeadais do *Inspiring Ireland*.

### Fréamhacha

Le blianta beaga anuas, táthar ag díriú níos mó i dtíortha ag a bhfuil diaspóraí mór ar an deis a thabhairt do pháistí na n-eisimirceach a gcuid nasc le tír a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí a neartú trí thumchuairteanna ar a dtír 'dhúchais'. Baineann tábhacht leis na cuairteanna gearra sin i dtaobh suim san oidhreacht a mhúscailt i measc na bpobal diaspóra.

In 2015, déanfar comhpháirtithe oiriúnacha a lorg chun tabhairt faoi threoirthionscnamh atá dírithe ar neartú a dhéanamh ar na ceangail idir Éire agus daoine óga de dhiaspóra na hÉireann. Díreofar go príomha ar éascú a dhéanamh ar fhorbairt cláir oideachais ghearr, a mbeidh grúpa daoine óga de bhunadh na hÉireann páirteach ann thar thréimhse dhá sheachtain nó mar sin in Éirinn. Ar an gcéad dul síos, beidh an clár Fréamhacha dírithe ar dhaoine óga den diaspóra sna Stáit Aontaithe agus, má éiríonn leis, féadfar go gcuirfí i bhfeidhm é ar bhonn níos leithne.

## Lá Fhéile Pádraig

Féile uathúil is ea Lá Fhéile Pádraig. Déantar an lá sin a cheiliúradh i níos mó tíortha ar fud an domhain ná mar is amhlaidh i gcás aon lá náisiúnta eile, agus léiríonn sé mianach sainiúil agus réimse teagmhála náisiún na hÉireann. Is ar an lá sin a thagann muintir na hÉireann agus daoine de bhunadh na hÉireann le chéile leo siúd a bhfuil bá ar leith acu le hÉirinn. Tá suntasacht ar leith ag baint leis an bhféile i dtíortha ina bhfuil mór-ionaid diaspóra na hÉireann amhail na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Astráil.

Trí Lá Fhéile Pádraig, cuirtear ardán ar fáil d'Éirinn chun dul i mbun rannpháirtíochta leis an domhan. Is deis é d'Éirinn chun cumarsáid a dhéanamh leis an domhan tráth a bhíonn an domhan ag éisteacht.

Is tráth é freisin inar féidir le hÉirinn teagmháil a dhéanamh le pobail eisimirceacha agus pobail diaspóra ar fud an domhain agus tá sé sin ina chuid lárnach de na cuairteanna ardleibhéil a bhíonn ar siúl gach bliain mar chuid den cheiliúradh domhanda.

Ní gá a rá gur deis ar leith é Lá Fhéile Pádraig don Rialtas chun cur lenár réimse teagmhála trí dhul i gcion ar lucht cinnteoireachta idirnáisiúnta agus aird a dhíriú ar Éirinn. In 2014 amháin, rinneadh 'glasú' ar 76 shuíomh cháiliúla ar fud

an domhain agus tugadh 30 cuairt tráchtála ardleibhéil ar 60 cathair i 23 thír.

Mar sin féin, is ceiliúradh é Lá Fhéile Pádraig i dtús báire – ceiliúradh ar chultúr, ar oidhreacht agus ar a bhfuil bainte amach. Bíonn an ceiliúradh sin á spreagadh ag na mílte oibrithe deonacha in Éirinn agus ar fud an domhain, a ghlacann an t-am agus a dhéanann an iarracht ceiliúradh pobail thar na bearta a dhéanamh de Lá Fhéile Pádraig.

Gach bliain, gríosaíonn Lá Fhéile Pádraig líonraí sóisialta, líonraí cultúir agus líonraí gnó Éireannacha ar fud an domhain. Trína gcuid iarrachtaí siúd, i gcomhar le tionscnaimh Rialtais agus le tacaíocht uathu, dírítear aird an domhain ar fad ar ár náisiún agus ár muintir.

## Comórtha

Titeann a lán dátaí tábhachtacha, idir chomórtha céad bliain agus chlocha míle tábhachtacha eile i stair an oileáin seo, sa tréimhse 2012-2022, ar ar baisteadh Deich mBliana na gCuimhneachán.

Cé go mbeidh gníomhaíochtaí na gcomórtha céad bliain dírithe ar oileán na hÉireann, tá ról soiléir ann do na hÉireannaigh thar lear, agus tá sé beartaithe ag an Rialtas próiseas chomh cuimsitheach agus is féidir a bheith i bhfeidhm agus muid ag teannadh le buaicphointe na tréimhse comórtha in 2016.

Tabharfaimid tacaíocht dár ndiaspóra chun a bheith páirteach linn sa chomóradh ar imeachtaí ba bhonn le cruthú náisiún na hÉireann agus Stát na hÉireann. Déanaimid é sin toisc gurb í stair na hÉireann stair an diaspóra chomh maith. Bhí go leor de cheannairí Éirí Amach 1916 i measc an diaspóra tráth dá saol – rugadh cuid acu thar lear agus chuir cuid acu fúthu seal thar lear. Ba mhaith linn freisin cuimhneamh ar an ról a bhí ag an diaspóra sna himeachtaí sin agus i mbunú na hÉireann, agus comóradh a dhéanamh air.

Trí líonra ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann, ullmhóimid clár gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, a bheidh dírithe go háirithe ar chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916.

In 2015 agus 2016, fáilteoidh an Clár Tacaíochta Eisimirceach roimh thionscadail lena dtreiseofar na ceangail leis an diaspóra trí chomóradh a dhéanamh ar na himeachtaí sin.




*Bhí an tAire Francis Fitzgerald i gcuideachta an phobail Éireannaigh i dTóiceo na Seapáine don Pharáid Lá Fhéile Pádraig in 2014*



# Colin Courtney
# Stócólm
# An tSualainn

**Tá cónaí orm i Stócólm na Sualainne ó mhí Dheireadh Fómhair 2005. Tar éis dom céim a bhaint amach ó Ollscoil Luimnigh, fuair mé post le cuideachta Éireannach darb ainm First Derivatives, agus sannadh i dtús báire mé do thionscadal 3 mhí i Stócólm.**

Casadh bean Shualannach darb ainm Linn orm in 2006 agus níor bhreathnaigh mé ar mo chúl ó shin! Pósadh muid i mí na Bealtaine 2014 agus tá iníon darb ainm Leah againn, atá bliain d'aois.

In 2009 bhunaigh mé féin agus duine eile Club CLG na nGael i Stócólm agus bhí sé sin ina chuid an-mhór de mo shaol anseo. Ceapaim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach a bheith i dteagmháil le mo chultúr Éireannach agus le hÉireannaigh, go háirithe anois agus iníon agam. Tá pobal Éireannach an-ghníomhach againn anseo i Stócólm, rud atá go hiontach, agus tugann Ambasáid na hÉireann anseo an-tacaíocht dúinn.

Tá mé fós ag obair le First Derivatives agus tá an gnó i gCríoch Lochlann méadaithe agam ionas go bhfuil breis is 30 fostaí lonnaithe anseo, ar céimithe Éireannacha iad den chuid is mó.

Ar mhaith liom bogadh ar ais go hÉirinn choíche? Ba mhaith, cinnte. Mothaím uaim an baile ach táim sona sásta sa tSualainn – measaim gur fearr í cáilíocht na beatha anseo agus tá sé i bhfad níos fusa clann a thógáil. Seans go rachainn ar scor go hIarthar Chiarraí!

## "Ceapaim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach a bheith i dteagmháil le mo chultúr Éireannach agus le hÉireannaigh, go háirithe anois agus iníon agam"

# An Rannpháirtíocht leis an Diaspóra a Éascú

## Comhpháirtíochtaí

**Is mór an t-ádh atá ar Éirinn líonra domhanda a bheith aici d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhíonn ag obair i réimsí leasa, pobail, spóirt, cultúir agus gnó.**

**Tá cuid díobh sin a fhaigheann cúnamh ón Rialtas, ach tá go leor eile acu a bhíonn ag obair ar bhonn iomlán neamhspleách, agus iad ag brath ar dhea-thoil daoine aonair agus an phobail. Teastaíonn an meon deonach sin chun na céadta eagraíochtaí pobail éagsúla a choinneáil ag imeacht i ngach cearn den domhan, agus is tábhachtach an tsaintréith é de chuid phobal gníomhach na nÉireannach thar lear.**

**Bímid ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí de mhéideanna éagsúla agus a bhfuil róil éagsúla acu, agus iad ar fad dírithe ar fheabhas a chur ar an saol do mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear.**

Is fearr is féidir leis na heagraíochtaí sin, ar minic iad a bheith leabaithe ina bpobail áitiúla, teagmháil a dhéanamh le daoine ná mar a dhéanfadh an Rialtas. Bíonn pobail Éireannacha ag brath ar ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin ionas go mbeidís ar fónamh. Tá géarghá leo i dtaobh an chaidrimh leis an diaspóra.

Bíonn caidreamh dhá bhealach i gceist sa chomhpháirtíocht. Tugann na heagraíochtaí sin comhairle agus treoir don Rialtas maidir lenár gcur chuige agus maidir le cineálacha cur chuige is ceart dúinn a fheabhsú nó a athrú. Mar shampla, tá béim níos mó ar an meabhairshláinte anois mar gheall go bhfuil an riachtanas ina leith sin curtha ar ár súile dúinn ag ár gcuid eagraíochtaí comhpháirtíochta in Éirinn, sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe.

Is chun leasa gach duine é go mbeadh eagraíochtaí comhpháirtíochta an rialtais láidir, go mbeidís in ann tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil siad uathu nó de dhíth orthu, agus go mbeadh ar a gcumas acmhainní a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil agus tacaíocht airgid eile a fháil de bhreis ar an gcúnamh ó Rialtas na hÉireann, ionas go n-éireodh leo san fhadtéarma. **Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe chun cur lena n-acmhainneacht**.

Is iad seo a leanas cuid dár gcomhpháirtithe ar fud an domhain. Ní liosta cuimsitheach é; bímid ag obair le breis is 180 eagraíocht gach uile bhliain. Mar sin féin, dírítear aird leis ar an réimse gníomhaíochtaí atá ar bun ar fud an domhain, ag muintir na hÉireann agus faoina gcoinne.

## Fóram Saoránachta Éireannaigh an Domhain 2015

**Ag obair dúinn i gcomhpháirt le hInstitiúid Clinton UCD, tionólfaimid Fóram Saoránachta Éireannaigh an Domhain in Éirinn in 2015, chun plé a dhéanamh ar na dúshláin atá le sárú ag na hÉireannaigh thar lear, agus chun éisteacht lena bhfuil le rá ag gnáth-eisimircigh Éireannacha.**

**Tabharfar le chéile ann ceannairí agus baill an phobail Éireannaigh ó gach cearn den domhan, ó phobail eisimirceacha agus ó phobail diaspóra. Tá sé i gceist go dtabharfadh an Fóram deis teagmhála duine le duine idir daoine a bhféadfadh dúshláin den chineál céanna a bheith le sárú acu ina gcuid pobal féin. Cuirfear caoi ar fáil freisin don idirphlé idir na grúpaí sin agus an Rialtas.**

**Cé go bhfuil caidreamh an-luachmhar ag an Rialtas le líon mór eagraíochtaí ar fud an domhain tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach, táthar ag súil go mbeidh eagraíochtaí seachas iadsan atá cistithe faoin gClár páirteach san Fhóram seo.**

## An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí d'Eisimircigh

Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí d'Eisimircigh, ar tugadh Díon air roimhe seo, in 1984 chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir le saincheisteanna is ábhar cúraim don phobal Éireannach sa Bhreatain. Oifigigh atá ag fónamh in Ambasáid na hÉireann i Londain is ea Cathaoirleach agus Rúnaí an Choiste. Déantar baill eile an Choiste a cheapadh ar bhonn na taithí atá acu ar an rannpháirtíocht leis an bpobal Éireannach sa Bhreatain agus/nó ar bhonn a gcuid saineolais phearsanta. Feidhmíonn siad ar bhonn deonach. Is é an príomhról praiticiúil atá ag an gCoiste moltaí a dhéanamh faoi iarratais ar dheontais ón gCiste Tacaíochta Eisimirce i gcomhair tionscadal sa Bhreatain, agus tugann sé comhairle agus tuairiscí freisin faoi leas na n-eisimirceach agus saincheisteanna eile ar iarratas an Aire.



*Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ón 3-5 Samhain. Grianghraf Colm Mahady / Cóipcheart Fennell Photography 2013*

## Cumann Lúthchleas Gael

Le níos mó ná 400 club aige lasmuigh d'oileán na hÉireann, d'fhéadfaí a rá go bhfuil cumas teagmhála níos fearr ag CLG leis an diaspóra Éireannach ná mar atá ag aon eagraíocht eile. Ní amháin go bhfuil ionaid idirnáisiúnta sheanbhunaithe aige sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe, ach tá sé ag fás go tréan in áiteanna eile, lena n-áirítear an Mhurascaill, an Áise Thoir Theas agus gach cearn den Eoraip. Is minic gurb iad clubanna CLG an chéad phointe teagmhála d'eisimircigh nua, lena gcuirtear ciorcal muintearais agus tacaíochta ar fáil dóibh ar an bpointe. Le seoladh a acmhainne idirnáisiúnta nua do chlubanna, tá CLG ag leathnú a chuid oibre chun tacú le folláine fhisiceach agus mheabhrach a chuid ball idirnáisiúnta.

Tá an tAonad um Éireannaigh Thar Lear tar éis dul i mbun comhpháirtíochta le CLG le roinnt blianta anuas, agus iad ag déanamh comhchistiú ar Riarthóirí Forbartha Pobail sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe. Bíonn na Riarthóirí Forbartha sin ag obair le scoileanna, coláistí agus grúpaí pobail chun cluichí Gaelacha a chur ar bun ina measc. Ó 2012 i leith, tá Ciste Forbartha Cluichí Domhanda bunaithe freisin a thugann deontais bheaga do chlubanna taobh amuigh den Bhreatain agus de na Stáit Aontaithe.

## Irish in Britain

Bunaíodh *Irish in Britain* (Cónaidhm na gCumann Éireannach sa Bhreatain roimhe seo) in 1973, chun saineolas a chomhroinnt agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar phobail Éireannacha sa Bhreatain, a bheith i mbun feachtais ina leith, agus tacú lena bhfás agus a bhfolláine. Bímid ag obair leo i roinnt bealaí, go háirithe chun cur le cumas na n-eagraíochtaí beaga Éireannacha, d'fhonn áirithiú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear dóibh siúd a bhfuil cúnamh de dhíth orthu. Cé gurb é an Rialtas príomhchisteoir na heagraíochta, is dream neamhspleách iad agus tugann siad treoir agus comhairle luachmhar don Ambasáid i Londain, don Rialtas agus dá gcuid ball-eagraíochtaí.

### Comhghuaillíocht na nIonad Inimirce Éireannach

Scáthghrúpa náisiúnta is ea Comhghuaillíocht na nIonad Inimirce Éireannach le haghaidh na n-ionad inimirce Éireannach ar fad sna Stáit Aontaithe. Bunaíodh an Chomhghuaillíocht in 1996 chun leas na n-inimirceach Éireannach sna Stáit Aontaithe a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta. Bímid ag obair i ndlúthpháirt leis an gcomhghuaillíocht agus lena comhaltaí chun tacú le himircigh Éireannacha a dteastaíonn cúnamh uathu, cibé an bhfuil cáipéisí inimirce acu nó nach bhfuil.

### Ár gComhpháirtithe a chur i dTeagmháil le Chéile

**Is eagraíocht faisnéise agus abhcóideachta é Tionscadal Imirceach Crosscare a bhíonn ag obair le heisimircigh, le heisimircigh atá ag filleadh abhaile agus le himircigh atá ag teacht chun cónaí in Éirinn. Oibríonn siad le roinnt de na daoine is leochailí a fhágann Éire agus leo siúd a bhíonn ag iarraidh tacaíochta agus iad ag triail filleadh abhaile.**

**Ag obair i gcomhpháirt le Crosscare, bunóimid acmhainn trínar féidir le heagraíochtaí arna gcistiú ag an gClár Tacaíochta Eisimirceach, i measc eile, teagmháil a dhéanamh le chéile agus faisnéis agus taithí a chomhroinnt, d'fhonn cur lena gcuid eolais agus feabhas a chur ar sheirbhísí d'eisimircigh Éireannacha ar fud na cruinne.**

## Líonraí

THE GLOBAL IRISH NETWORK

### Líonra Éireannaigh an Domhain agus Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain

Tar éis an chéad chruinniú d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain i Meán Fómhair 2009, bunaíodh Líonra Éireannaigh an Domhain go luath in 2010. Tugtar le chéile san Fhóram sin daoine ar éirigh leo ó chúlraí éagsúla, atá bunaithe sna dosaen tíortha ar fud an domhain, a chuireann a gcuid saineolais, a dtaithí agus a gcuid ama ar fáil ar bhonn deonach.

Bhí ról suntasach ag Líonra Éireannaigh an Domhain maidir le téarnamh geilleagrach na hÉireann agus maidir lenár gcáil idirnáisiúnta a athshlánú.

Bunaíodh an Líonra agus trí chuspóir leathana aige:

- chun ardán a sholáthar d'fhonn cuidiú leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí Stáit teachtaireachtaí geilleagracha, cultúrtha agus turasóireachta na hÉireann a chur chun cinn i bpríomh-mhargaí;
- chun fóram a chur ar fáil trínar féidir le hÉireannaigh aitheanta a bhfuil rath orthu i réimse an ghnó nó an chultúir thar lear idirghníomhú le chéile, tuairimí a mhalartú agus a bheith ar an eolas faoi na príomhfhorbairtí ar an mbeartas Rialtais;
- chun fóram a chur ar fáil trínar féidir le baill tograí a chur i láthair agus tionscnaimh phraiticiúla a chur chun feidhme.

Chruthaigh Líonra Éireannaigh an Domhain go maith mar acmhainn luachmhar don Rialtas. Cuireann a chuid ball, ina n-aonar agus le chéile, comhairle ar fáil d'Airí, toscaireachtaí, ambasáidí agus gníomhaireachtaí stáit atá ag iarraidh leasanna na hÉireann a chur chun cinn i margaí ar fud an domhain.

Ón tráth a bunaíodh é, tionóladh an Líonra iomlán dhá uair, ag cruinnithe na bliana 2011 agus na bliana 2013 de chuid Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain. Bíonn na cruinnithe sin dírithe ar théarnamh geilleagrach, ar an gclú idirnáisiúnta atá orainn a athshlánú agus ar chruthú post, agus tá ionchur déanta acu maidir le Pleananna Gníomhaíochta do Phoist.

Bhí ról suntasach ag Líonra Éireannaigh an Domhain maidir le téarnamh geilleagrach na hÉireann agus maidir lenár gcáil idirnáisiúnta a athshlánú. Leanfaimid ar aghaidh ag obair leo chun a chinntiú go mbeidh baint leanúnach leis an téarnamh geilleagrach atá ar bun.

Bunaíodh an Líonra i gcomhthéacs an-sonrach, tráth a raibh géarchéim thromchúiseach i réim. Is fiú é a chothabháil, ach ní mór scrúdú a dhéanamh anois ar na buntáistí níos fadtéarmaí a bhaineann lena leithéid de líonra idirnáisiúnta ardtionchair, agus ní mór an Líonra, agus ár gcuid rannpháirtíochta leis, a athmhúnlú d'fhonn na buntáistí sin a léiriú.

UVERSITY

Supporting ID2015 A Year of Irish Design

**Ag Fóram na bliana 2009, moladh lárionad nó Ollscoil den scoth do na taibh-ealaíona agus do chultúr na hÉireann a bhunú, a bheadh lonnaithe i bhfoirgneamh suntasach in Éirinn, chun a bheith ina lárionad domhanda don oideachas, don nuálaíocht agus don teicneolaíocht i réimse na healaíne agus na cruthaitheachta. Bhí an tionscnamh sin faoi threoir na hearnála príobháidí agus bunaíodh Uversity dá bharr, ar Coláiste aitheanta é de chuid Ollscoil na hÉireann, ina dtáirgtear Céim Mháistreachta sa Phróiseas Cruthaitheach le modúil arna dtáirgeadh ag coláistí agus ollscoileanna ar fud oileán na hÉireann.**

**Ag an tríú Fóram, i mí Dheireadh Fómhair 2013, moladh gur cheart 2015 a ainmniú mar Bhliain Dearthóireachta na hÉireann (ID2015). Is í Comhairle Cheardaíochta agus Dhearthóireachta na hÉireann a chur chun cinn an tionscnamh sin thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tacaíonn coiste stiúrtha idir-rannach, trasghníomhaireachta leis an tionscnamh, agus é á chinntiú go mbeidh an éifeacht agus an tionchar is fearr is féidir aige. Tá clár spreagúil imeachtaí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, leagtha amach i gcomhair ID2015, lena ndéanfar an dearthóireacht a chur i láthair agus a fhorbairt ar fud an tionscail thar réimse an-leathan disciplíní. Tá sé ina aidhm leas a bhaint as ID2015 chun earnáil na dearthóireachta a athrú ó bhonn, ag cruthú post don todhchaí, ag cur le honnmhairí atá bunaithe ar an dearthóireacht agus ag dul i mbun rannpháirtíochta le lucht féachana de níos mó ná trí mhilliún duine sa bhaile agus thar lear.**

**Trí Chlár Teagmhálaithe Éireannaigh an Domhain, atá á reáchtáil ag Fiontraíocht Éireann, cuireadh teagmháil ar bun idir níos mó ná 120 ball de Líonra Éireannaigh an Domhain a sholáthraíonn meantóireacht ar bhonn leanúnach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann.**

Fiosróimid conas a chur ar chumas Líonra Éireannaigh an Domhain feidhmiú mar líonra bríomhar ar bhonn leanúnach, ag nascadh na mball ar fud an domhain, toisc gur laige é sin a bhí air san am atá caite, agus déanfaimid sainiú níos fearr ar obair an Líonra in earnálacha geilleagracha ar leith.

Is é an Rialtas a dhéanann **Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain** a thionól, chun baill Líonra Éireannaigh an Domhain a thabhairt le chéile. Nuair a ceapadh an Fóram i dtús báire, is éard a bhí i gceist leis malartú smaointe maidir le tosaíochtaí an Rialtais i ndáil leis an téarnamh geilleagrach, poist a chruthú agus clú na hÉireann a athshlánú. Cuireann na seisiúin doras dúnta deis luachmhar ar fáil le haghaidh plé neamhbhalbh, oscailte. Tá an comhthéacs athraithe anois, áfach. Is tábhachtach an rud é go mbeadh an Fóram ag síneadh amach níos faide ná ballaí Chaisleán Bhaile Átha Cliath.

Ag Fóram na bliana 2013, cothaíodh caidreamh níos faide anonn trí chruinnithe réigiúnacha i gCorcaigh, i nGaillimh agus i mBéal Feirste. Tionólfar cruinnithe réigiúnacha arís don 4ú Fóram.

Ceann de na gnéithe ar éirigh go geal leo i bhFóram na bliana 2013 ba ea imeacht meantóireachta ar scála mór, a d'eagraigh Fiontraíocht Éireann, inar chuir baill den Líonra meantóireacht ar fáil do 70 fiontar beag agus meánmhéide. Déanfar tuilleadh deiseanna a iniúchadh le haghaidh cur leis an bhfor-rochtain sa phobal.

Bhí cuideachtaí ó Thuaisceart Éireann páirteach san imeacht meantóireachta sin, agus táimid sásta leanúint don chomhar sin san am atá le teacht.

Tionólfar an **ceathrú cruinniú d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain**. Cinnteoimid go gcuirfidh Fóram Saoránachta Éireannaigh an Domhain smaointe ar fáil d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, agus a mhalairt. Tabharfaimid éifeacht don ghealltanas a rinneadh in 2013, i ndáil le cothromaíocht inscne níos fearr agus rannpháirtíocht níos mó ón aos óg a bhaint amach.

## Líonraí Gnó

Tá ag éirí go geal le Líonraí Gnó Éireannacha ar fud an domhain. Tá cuid mhaith den rath atá orthu bunaithe ar an méadú i líon na n-eisimirceach, agus ar an mborradh atá faoin líonrú agus faoi theicneolaíochtaí éifeachtacha líonraithe ar domhan.

Tá éagsúlacht le sonrú ar na líonraí sin i dtaobh a réimse teagmhála agus a gcomhdhéanamh. I bhformhór na gcásanna comhlánaíonn siad eagraíochtaí eile atá dírithe ar na gnéithe pobail agus cultúir níos leithne. I roinnt de na háiteanna ina bhfuil pobal mór Éireannach, d'fhéadfadh raon líonraí a bheith in aon áit amháin, ag freastal ar riachtanais éagsúla agus ag éirí níos speisialaithe i gcónaí. Tá an speisialtóireacht sin le sonrú go soiléir i Londain, mar shampla, áit a bhfuil eagraíochtaí cosúil le Cumann na nDlíodóirí Éireannacha i Londain agus Líonra na bPleanálaithe Baile Éireannacha i Londain.

Le blianta beaga anuas, tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach, tugadh roinnt tacaíochta d'fhorbairt líonraí gnó Éireannacha ar fud an domhain. Áirítear léi sin tacaíocht d'fhorbairt suíomhanna gréasáin agus do chláir meantóireachta. Is beag é an méid foriomlán tacaíochta, nach bhfuil i gceist léi ach 3% de na deontais ón gClár Tacaíochta Eisimirceach in 2014, ach bhain tábhacht léi ó thaobh cuidiú le heagraíochtaí nó tionscadail nua tosú ag feidhmiú. Chomh maith leis sin, i roinnt áiteanna, bíonn an dearcadh ann i leith deontais ón Rialtas gur táscaire luachmhar tacaíochta é, ar féidir leis cur le gradam agus creidiúnacht. Aithnímid go bhfuil na heagraíochtaí sin in ann acmhainní nach beag a ghiniúint as a stuaim féin ach go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann leis an gClár Tacaíochta Eisimirceach mar chineál aitheantais ón Rialtas agus chun cistí eile a ghiaráil.

Tá ár dtacaíocht do líonraí gnó dírithe go príomha ar chabhrú le lucht gnó agus gairmithe Éireannacha teagmháil a dhéanamh le chéile, deiseanna nua a lorg agus, ar deireadh thiar, iad féin agus a gcuid gnólachtaí a chur chun cinn. Trínár dtacaíocht, is mian linn cuidiú leo rath a bheith orthu agus a suim in Éirinn agus a gceangal léi a choinneáil beo.

**Tacaímid le líonraí gnó chun éascú do mhuintir na hÉireann rath a bheith orthu sa bhaile agus thar lear.**

Is féidir leis na líonraí sin an méid seo a leanas a dhéanamh freisin: Éire a chur chun cinn mar áit tharraingteach chun gnó a dhéanamh léi agus dul i mbun gnó inti; an infheistíocht isteach agus an fhiontraíocht a chur chun cinn; agus, gníomhú mar idirghabhálaí do ghníomhaireachtaí agus gnólachtaí Éireannacha chun deiseanna trádála nó deiseanna gnó eile a fhorbairt i margaí thar lear.

Tá láithreacht idirnáisiúnta bunaithe ag roinnt líonraí gnó Éireannacha. Tá craobhacha ag Líonra Gnó Idirnáisiúnta na hÉireann i Londain, i Nua-Eabhrac agus i mBaile Átha Cliath anois. In Oirdheisceart na hÁise, tugann Fóram Gnó Réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin gnólachtaí agus grúpaí gnó Éireannacha le chéile ar imeall Chluichí Gaelacha na hÁise. Ní ann d'aon ardán faoi láthair ar a dtugtar le céile líonraí gnó Éireannacha ar fud an domhain, bíodh sé sin ar bhonn fíorúil nó sa saol fisiceach. Is é an chéad chéim loighciúil eile **na líonraí sin a nascadh le chéile**. Cuirfimid fáilte roimh thograí chuige sin a chuirfear faoinár mbráid i mbabhta cistithe na bliana 2015 de chuid an Chláir Tacaíochta Eisimirceach.

Sa Tuarascáil 'Supporting the next Generation of the Irish Diaspóra' ó Institiúid Clinton, sonraítear gurb amhlaidh, toisc mná óga gairmiúla a bheith ag teacht chun cinn i bpobail na n-eisimirceach Éireannach, go bhfuil an deis ag an gClár Tacaíochta Eisimirceach tacú le forbairt na líonraí diaspóra d'fhorbairt ghairmiúil na mban. Is réimse é sin, dar linn, ina bhféadfadh gníomhaíochtaí spriocdhírithe a bheith éifeachtach agus cuirimid fáilte roimh thograí.

## An Clár Meantóireachta d'Fheidhmeannaigh Éireannacha

Uirlis ar líne is ea an Clár Meantóireachta d'Fheidhmeannaigh Éireannacha arna forbairt ag Líonra Gnó Idirnáisiúnta na hÉireann le tacaíocht ón gClár Tacaíochta Eisimirceach. Cuireann sé ar a gcumas siúd a rugadh in Éirinn, ar de shliocht Éireannach iad nó a bhfuil bá acu le hÉirinn iad féin a chlárú mar mheantóirí nó mar lucht coimirce, chun taithí agus eolas a chomhroinnt agus leas a bhaint astu. Cothófar tallann nua feidhmiúcháin agus fiontraíochta i measc an diaspóra dá bharr.

## Daonchairdeas an Diaspóra

Cé go bhfuil an daonchairdeas in Éirinn fós ina thosach, tá roinnt daoine i measc an diaspóra, daoine a rugadh in Éirinn agus daoine de bhunadh na hÉireann araon, a bhfuil deontais shuntasacha tugtha acu do thionscadail, do chláir agus d'eagraíochtaí in Éirinn.

Taobh le taobh leis an méid atá déanta ag roinnt daoine aonair eisceachtúla, is díol suntais í an obair a dhéanann Cistí na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta mar shampla iontach d'fhlaithiúlacht an diaspóra. Tá Cistí na hÉireann ar Fud an Domhain, a bunaíodh in 1976, ag feidhmiú faoi láthair in 12 thír agus tá níos mó ná $480 milliún tiomsaithe acu i gcomhair breis is 3,000 eagraíocht den scoth. D'fhéadfadh an fhís atá ag Cistí na hÉireann, "Éireannaigh an domhain ag dul i bhfeidhm le chéile", a bheith ina treoir dóibh siúd go léir atá ag iarraidh a bheith ag obair ar mhaithe le cách sa réimse seo.

## Ag Filleadh Abhaile

Leis an obair leanúnach atá ar bun againn chun cur leis an téarnamh geilleagrach, táimid dírithe ar na dálaí a chruthú inar féidir leo siúd a d'fhág an tír mar gheall ar chúrsaí airgid filleadh abhaile.

Cúram nua lena gcuirfear ár ndúshlán is ea cuidiú ar shlí phraiticiúil leo siúd a d'fhág Éire agus ar mian leo filleadh abhaile.

Ó 2009 i leith, d'fhág 193,200 duine idir 15 agus 24 bliana d'aois tír na hÉireann. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na ndaoine óga a d›fhág an tír i rith na bliana go dtí deireadh Aibreán 2014, léirítear sna figiúirí is déanaí atá ar fáil gur mic léinn iad thart ar 29,000 dóibh siúd a chuaigh ar eisimirce sa tréimhse sin, méadú níos mó ná 8,000 ar an gcatagóir sin le hais na bliana roimhe seo. Léirítear sna figiúirí freisin go raibh céim nó cáilíocht tríú leibhéal ag 47% de na heisimircigh.

Aithníonn an Rialtas go bhfuil ár ndiaspóra comhdhéanta de dhaoine aonair a bhfuil éagsúlacht shaibhir tallainne agus taithí acu trínar féidir leo cion mór a dhéanamh ar son na hÉireann. De réir mar atá luas ag teacht faoinár dtéarnamh geilleagrach, bainfidh tábhacht níos mó le fáil a bheith ar oibrithe oilte, go háirithe.

I roinnt earnálacha sa gheilleagar, tá deiseanna fostaíochta le sonrú cheana féin. Is maith an fhoinse iad na pobail eisimirceach Éireannacha dóibh siúd ar mian leo daoine tréitheacha, cumasacha a earcú chun tabhairt faoi róil ard-oilte in Éirinn, agus tá ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, chomh maith le heagraíochtaí san earnáil phríobháideach, ag obair ar réimse tionscnamh chun teagmháil a dhéanamh leis an diaspóra d'fhonn deiseanna fostaíochta a chur chun cinn anseo. Ina theannta sin, ní mór go mbeadh sé chomh héasca agus is féidir bogadh go dtí an tír seo nó filleadh uirthi.

Nuair is féidir, beidh an Rialtas ag obair freisin chun laghdú a dhéanamh ar na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le bogadh ó thír amháin go tír eile. Sa phróiseas comhairliúcháin don bheartas seo, sainaithníodh roinnt bacainní maidir le filleadh na n-eisimirceach. Ina measc siúd tá aitheantas cáilíochtaí, aitheantas an cheadúnais tiomána, an easpa tithíochta ar phraghas réasúnta agus deiseanna fostaíochta. Cé go mb'fhéidir nach mbeidh sé indéanta gach ceann de na fadhbanna sin a réiteach, beimid ag obair le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile, tríd an gCoiste Idir-Rannach, chun ioslaghdú a dhéanamh ar na deacrachtaí a eascraíonn as na dúshláin sin. Beidh an próiseas sin ar siúl ar bhonn leanúnach, agus díreofar aird ar an dul chun cinn ar shuíomh gréasáin Éireannaigh an Domhain agus tríd an nuachtlitir d'eisimircigh.

Ní hí an obair a mheallann abhaile gach duine a fhilleann ar Éirinn. Is iomaí Éireannach a fhilleann ar Éirinn chun leas a bhaint as ár gcóras oideachais, go háirithe ar an tríú leibhéal. I mí an Mhárta 2014, d'fhógair an té a bhí ina Aire Oideachais agus Scileanna an tráth sin go mbeidh páistí na n-eisimirceach Éireannach, a mbeidh 5 bliana caite acu sa bhunscoil nó san iar-bhunscoil in Éirinn, incháilithe le haghaidh táillí ar leibhéal an AE ag Ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal na hÉireann i gcomhair cúrsaí fochéime ón mbliain acadúil 2014/15 ar aghaidh.




*An tAire Deenihan agus é ag tabhairt aithisc ag "Home is where the heart is", comhdháil NYCI faoin Imirce Abhaile*

**Eagraíocht is ea *Safe Home* atá lonnaithe in Éirinn agus a thosaigh amach ag soláthar roghanna tithíochta d'eisimircigh aosta a rugadh in Éirinn. Anois, agus í tagtha chun cinn, soláthraíonn sí seirbhís faisnéise agus comhairle do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar bhogadh go hÉirinn agus tugann sí tacaíocht dóibh siúd atá tar éis bogadh ar ais agus a dteastaíonn cúnamh uathu. Tacaítear le Safe Home faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach.**

**Nasc-Éire**

**Trí Nasc-Éire, a seoladh ag Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain 2011 agus a chuireann chun feidhme an tionscnamh Succeed in Ireland de chuid an Rialtais, déantar comhlánú ar an obair a dhéanann IDA Éireann, an ghníomhaireacht atá freagrach as Infheistíocht Dhíreach Choigríche. Spreagann an tionscnamh Éireannaigh an domhain chun bheith ina 'súile agus cluasa' d'Éirinn maidir le cuideachtaí a shainaithint atá ag iarraidh leathnú isteach san Eoraip nó a bhfuil bunáit á lorg acu san Eoraip. Tugann Nasc-Éire dreasacht do dhaoine chun naisc a spreagadh trí luach saothair airgid a íoc ar gach post arna chruthú.**

**Le níos mó ná 40,000 duine cláraithe mar spreagthóirí nasc, bhí Nasc-Éire freagrach as bunú oibríochtaí in Éirinn i gcomhair 36 thionscadal úrnua, dár cruthaíodh breis is 1,000 post in 8 gcontae. Tá píblíne tionscadal gníomhach cruthaithe ag Nasc-Éire freisin leis an acmhainneacht 2,500 post breise a chruthú. Is é an sprioc fhoriomlán atá ag an Tionscnamh Succeed in Ireland ar a laghad 5,000 post a chruthú thar shaolré an chláir.**

**Feidhmíonn Nasc-Éire i ndlúthpháirt le go leor dár gcuid ambasáidí agus consalachtaí thar lear. D'fhonn réimse teagmhála ár líonra taidhleoireachta a uasmhéadú, go háirithe in áiteanna ina bhfuil láithreacht bunaithe againn le déanaí, nó ina bhfuil lárionaid nua eisimirceach Éireannach, bunóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Nasc-Éire feachtas comhpháirteach chun baill den diaspóra nach bhfuil teagmháil ag an Rialtas leo faoi láthair a shainaithint agus a spreagadh.**

ConnectIreland

## Staidéar ar an Diaspóra

Tá os cionn **230 milliún** imirceach idirnáisiúnta ina gcónaí ar fud an domhain anois. Tá sé sách deacair eolas iontaofa a fháil fúthu féin agus faoina gcuid eispéireas, ach tá suim an tsaoil mhóir i ról agus ról féideartha na ndiaspóraí ag fás go tréan.

Tá Éire chun tosaigh ar fhormhór na dtíortha eile ina cuid iarrachtaí dul i ngleic lenár saoránaigh thar lear agus a sliocht. Tionscnaimh úrnua, nuálacha is ea cinn ar nós an Chláir Tacaíochta Eisimirceach agus Líonra Éireannaigh an Domhain, agus taispeánann siad an bealach d'eagraíochtaí eile.

Cé go bhfuil talamh úr briste againn, aithnímid go bhfuil a lán le foghlaim againn, ón diaspóra agus ó thíortha eile araon. Agus muid ag iarraidh foghlaim ó dhaoine eile, ba chóir dúinn a bheith sásta ár gcuid eispéireas féin a chomhroinnt freisin. Tá an t-eolas sin i seilbh ollscoileanna na hÉireann, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus daoine aonair príobháideacha, mar aon leis an Rialtas.

**Tacóimid le hiarrachtaí chun leas a bhaint as Éirinn mar mhol le haghaidh taighde ar acmhainneacht agus réimse teagmhála diaspóraí agus le haghaidh cur i bhfeidhm praiticiúil taighde den sórt sin.**



# Juan José Delaney
# Buenos Aires
# An Airgintín

**Daoine is ea muintir na hÉireann san Airgintín a bhfuil an t-ádh orthu. Is dócha gurb orainne a bhí Borges ag smaoineamh nuair a scríobh sé gur Eorpaigh ar deoraíocht is ea muintir na hAirgintíne. Braithim féin fírinne an ráitis sin, ach is dóigh liom freisin cur cuireadh le saibhreas mo shaoil agus mo chuid scríbhneoireachta, an príomhchúram atá orm, de bharr dhá chultúr chianda a bheith tagtha le chéile. Tá an t-ádh ar Éireannaigh na hAirgintíne a bheith ina gcuid den dá shaol, agus is ábhar bróid acu a gcuid traidisiún.**

Trí litríocht na hÉireann, trí chairde in Éirinn agus trí chuairteanna ó am go chéile, d'fhoghlaim mé go bhfuil an léargas ar Éirinn Anallód a fuair mé ó mo thuismitheoirí, léargas a bhfuil cuid den mhiotaseolaíocht ag baint leis, imithe go brách. Is aisteach agus is suntasach an rud é go bhfuil gnéithe d'oileán sin na bhfabhalscéalta fós beo le blianta fada sa tír seo i bhfad i gcéin: choinnigh na himircigh Éireannacha agus a sliocht an teanga, an ceol, agus fiú bianna áirithe ina mbeocht anseo. Tháinig an Airgintín chun cinn an tráth sin mar a bheadh Áirc Chultúir ann.

Anois agus pobal sonrach Éireannach na hAirgintíne ag dul as amharc, go mall agus go dosheachanta, is féidir linn a fheiceáil gur oidhreacht spioradálta í oidhreacht an nÉireannach san Airgintín: is iad an cultúr agus an tuiscint ar leith ar an saol, saol ar beo dúinn é, a fhágann rian an Oileáin Iathghlais ar an tír ilchultúrtha seo i Meiriceá Theas.

Tríd an gcaoi ina meallann Diaspóra na hÉireann daoine eile chucu féin, léirítear nach le cúrsaí áite amháin a bhaineann an tÉireannachas; is riocht do-aisnéise é agus slí chun claontuiscint a bheith againn ar an saol ait seo.

"Is iad an cultúr agus an tuiscint ar leith ar an saol, saol ar beo dúinn é, a fhágann rian an Oileáin Iathghlais ar an tír ilchultúrtha seo i Meiriceá Theas"

# Ag Tabhairt Aitheantais don Diaspóra

**Áirítear leis an obair a dhéanann oifigigh Éireannacha thar lear ó lá go lá iarracht nach beag dul i dteagmháil le pobail Éireannacha agus aitheantas a thabhairt don obair atá á déanamh acu. Cuirtear leis an iarracht sin trí aitheantas ardleibhéil le linn chuairteanna na nAirí, arb iondúil a mbíonn gné a bhaineann le pobal Éireannach i gceist leo.**

**Tá roinnt tionscnaimh ar bun lena n-aithnítear an diaspóra in earnálacha ar leith. Sampla díobh sin is ea bonn Naomh Pádraig Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a bhronntar ar eolaí, innealtóir nó ceannaire teicneolaíochta Éireannach a bhfuil cónaí air nó uirthi sna Stáit Aontaithe, ar ceannaire é nó í ina réimse féin agus a bhí i mbun oibre le taighdeoirí in Éirinn nó a chuidigh forbairt a dhéanamh ar an gcóras foriomlán taighde in Éirinn.**

## Gradam Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin d'Éireannaigh Thar Lear

Thionscain an Rialtas Gradaim Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin d'Éireannaigh Thar Lear in 2012. Trí bhíthin an Ghradaim, aithníonn Stát na hÉireann an cion a dhéanann Éireannaigh thar lear a bhfuil seirbhís den scoth tugtha gan staonadh acu ar son na hÉireann nó ar son pobail Éireannacha thar lear.

Cé go bhfuil an scéim ar oscailt do dhaoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn, is cuma cé hiad féin, tá sí dírithe go príomha ar shaoránaigh Éireannacha, orthu siúd atá i dteideal saoránacht Éireannach agus ar dhaoine de bhunadh na hÉireann. Tá sonraí iomlána an phróisis ainmniúcháin ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Bhronn an tUachtarán na gradaim den chéad uair i mí na Samhna 2012. Tá liosta iomlán in Iarscríbhinn 1 de na daoine a bhfuil Gradaim faighte acu go dtí seo.

### A bhfuil i ndán don Ghradam

Thar na trí bliana ina bhfuil na Gradaim ar bun, bronnadh iad ar scór go leith daoine, ó áiteanna agus ó chúlraí éagsúla, a rinne a gcion ar son na hÉireann i go leor bealaí éagsúla. Roghnaíodh an scór go leith faighteoirí sin ó réimsí láidre ainmnitheach.

Is tábhachtach an rud é go leanfadh na Gradaim ar aghaidh ag mealladh ainmnithigh ardchaighdeáin, agus iad ag tarraingt ar bhonn chomh leathan daoine agus is féidir sa phobal Éireannach domhanda. Tá na sluaite Éireannach ag déanamh éachtaí ar fud an domhain, agus tugann na gradaim seo an deis aitheantas a thabhairt dóibh.

## An Teastas um Oidhreacht Éireannach

Tugadh isteach an Teastas um Oidhreacht Éireannach in 2011 chun aitheantas oifigiúil a thabhairt do shliocht na nglún saoránach Éireannach a d'imigh romhainn. Cuireann sé cruth ar an bhféiniúlacht Éireannach atá ag an oiread daoine ar fud an domhain, daoine a d'fhéadfadh nach bhfuil i dteideal saoránacht Éireannach de bharr imeacht na nglún.

Tugann an Teastas aitheantas don tábhacht a chuireann an Rialtas le haitheantas a thabhairt do dhaoine de bhunadh na hÉireann. Trí mheán an Teastais, is féidir le daoine dul i mbun rannpháirtíochta le hÉirinn arís, agus is féidir leo eolas níos fearr a chur ar a stair theaghlaigh agus a n-oidhreacht.

Rinneadh Teastas a bhronnadh ar roinnt daoine iomráiteacha, lena n-áirítear an tUachtarán Clinton agus an tUachtarán Obama, an t-aisteoir Tom Cruise agus an Tiarna Coe, an lúthchleasaí Oilimpeach.

Tá siad ar fáil le ceannach ag aon duine de dhúchas na hÉireann nár rugadh é nó í ar oileán na hÉireann, nó do dhuine den sórt sin. Is í an chuideachta sheirbhísí airgeadais FEXCO a tháirgeann agus a dhíolann an Teastas, thar ceann na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Cúis díomá is ea an t-éileamh a bhí ar an Teastas: táirgeadh níos lú ná 3,000 díobh go dtí seo. Leanfaimid ar aghaidh ag obair le FEXCO chun an scéim a chur chun cinn ar fud an domhain d'fhonn suim a mhúscailt ina leith.

Roimh dheireadh na bliana 2015, **tabharfaimid faoi mheasúnú a dhéanamh ar fheidhmiú scéim an Teastais um Oidhreacht Éireannach**, i gcomhpháirtíocht le FEXCO, chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh don todhchaí.

## An Deontas do Dhaoine in Aois a gCéid

Bronnann Uachtarán na hÉireann an Deontas do Dhaoine in Aois a gCéid ar gach duine a shlánaíonn 100 bliain d'aois, lena n-áirítear iad siúd a rugadh ar oileán na hÉireann ach a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát, agus náisiúnaigh choigríche a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ar an lá a shlánaíonn siad 100 bliain d'aois. **Is é Dubhghlas de hÍde, a bhí ina chéad Uachtarán ar Éirinn, a thionscain an Deontas do Dhaoine in Aois a gCéid in 1940, tráth ar tugadh bronntanas £5.**

Ó 2000 i leith, tugann an tUachtarán bronntanas lae breithe in ómós na hócáide do gach duine atá os cionn 100 bliain d'aois. Ar an lá a shlánaíonn sé nó sí 101 bliana d'aois, agus ar gach lá breithe ina dhiaidh sin, faigheann an té sin bonn comórtha speisialta i mbosca ar leith, mar aon le litir chomhghairdis ón Uachtarán. Déantar bonn nua a dhearadh le haghaidh gach bliana.

### Diaspóra na nGael i bParlaimintí Náisiúnta ar fud an Domhain

**Bíonn an rath atá ar na hÉireannaigh thar lear agus a gcomhtháthú i gcultúir agus i dtíortha eile le feiceáil ar bhealaí éagsúla. Ceann acu sin is ea grúpaí cairdeas parlaiminte a bheith ann, amhail Cairde na hÉireann i gComhdháil na Stáit Aontaithe agus an Grúpa Parlaiminte Uile-Pháirtí ar na hÉireannaigh sa Bhreatain in Westminster. Rachaimid i mbun rannpháirtíochta leis na grúpaí sin agus le grúpaí den chineál céanna chun a gcuid nasc le hÉirinn a choinneáil beo agus a chothú.**



*An tUachtarán Ó hUigínn agus Gradam Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin á bhronnadh aige ar an Athair Micheál Kelly (an tSaimbia)*



# Austin agus Mary Comerton
# Ottawa
# Ceanada

**In 1988, agus muid i mblianta láir na dtríochaidí againn, chuamar ar eisimirce go Ceanada lenár mbeirt iníon. Bhí triúr de dheartháireacha agus deirfiúracha Austin tar éis cur fúthu in Ottawa. Bhí Austin i mbun gnó i mBaile Átha Luain agus i dTulach Mhór an tráth sin, agus bhí mise ag obair ar bhonn páirtaimseartha le TSB. Ní raibh an chuma ar an scéal go mbeadh mórán deiseanna ann do na páistí, a bhí 9 mbliana d'aois agus 6 bliana d'aois ag an am, agus trí bhogadh go Ceanada bheadh an seans againn tosú as an nua agus an teaghlach a choinneáil le chéile.**

Fuair mé post le Telesat Ceanada go gairid tar éis di teacht ag an tír agus tá mé díreach imithe ar scor óna post mar Chúntóir Feidhmiúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh. Chaith Austin sé bliana i dtionscal an troscáin oifige agus ansin chaith sé bliana déag ag plé le teileachumarsáid satailíte. Mar chaitheamh aimsire, thosaigh Austin ag craoladh seó raidió Éireannach in 2005 agus tá suim aige ansin i gcónaí.

Chuir Ceanada ar ár gcumas aithne a chur ar rudaí nua sa saol ar cheapamar nach mbeadh fáil againn orthu. Chuir an tír stíl mhaireachtála chompordach ar fáil dúinn agus chabhraigh sí linn na deiseanna gairme a bhí uainn a thabhairt dár gcuid páistí. Tá an-chuid taistil déanta againn agus tugaimid cuairteanna rialta ar Éirinn.

Trí SKYPE, RTEPlayer agus na nuachtáin ar líne, coinnímid beo an ceangal le daoine muinteartha linn agus lenár gcairde. Ina theannta sin, bhunaigh Austin Ionad Rós Thrá Lí agus bhunaigh sé Cumann Lucht Tráchtála na hÉireann-Cheanada in Ottawa.

"Chuir Ceanada ar ár gcumas aithne a chur ar rudaí nua sa saol ar cheapamar nach mbeadh fáil againn orthu. Chuir an tír stíl mhaireachtála chompordach ar fáil dúinn agus chabhraigh sí linn na deiseanna gairme a bhí uainn a thabhairt dár gcuid páistí."

# Ag tabhairt an Bheartais Diaspóra chun Cinn

**Leanfar ar aghaidh ag tabhairt an bheartais diaspóra chun cinn.**

**Cé gur maith mar a thuigimid gur uathu féin agus gan tacaíocht an Rialtais a tharlaíonn an chuid is mó de ghníomhaíochtaí dhiaspóra na hÉireann, tá ról bunúsach sa réimse sin ag an Rialtas mar sin féin. Tuigimid nach mór dúinn a bheith ag éisteacht agus ag freagairt don fhíor-riachtanas. Sa chleachtadh comhairliúcháin as a d'eascair an beartas seo, léiríodh spéis leathan i gcúrsaí diaspóra i measc réimse éagsúil grúpaí agus daoine aonair.**

**Mar sin féin, is dócha nach raibh páirteach ann ach codán beag de na daoine ar spéis leo cion a dhéanamh agus a bhfuil an cumas sin acu. Ba mhaith linn leanúint ar aghaidh ag spreagadh na spéise sin agus fáiltímid roimh ionchur nua. Cuirfimid fáilte roimh smaointe nua, ionas gur féidir leis an mbeartas Rialtais teacht chun cinn chun oiriúint do riachtanais atá ag athrú sa saol atá ag athrú.**

## Pobail Nua Diaspóra

Beimid ag féachaint ar bhealaí nua chun ceangal a bhunú le pobail diaspóra atá ag teacht chun cinn.


Sochaí an-éagsúil is ea ceann na hÉireann le blianta beaga anuas, de bharr méadú suntasach ar an inimirce. Tá go leor de na daoine sin tar éis cur fúthu go buan in Éirinn. Rinne siad an rogha a bheith ina saoránaigh Éireannacha agus tá siad ag cur go gníomhach le saol a bpobal áitiúil, agus iad ina gcuid de líonra úrnua saoránach as gach tír ar fud an domhain. Aithnímid an cion dearfach a dhéanann na grúpaí nua sin maidir le forbairt leanúnach na hÉireann, agus cuirimid fáilte roimhe.

Thairis sin, tá níos mó agus níos mó daoine a chaith seal ina gcónaí, i mbun staidéir agus i mbun oibre in Éirinn agus a d'fhill abhaile ina dhiaidh sin. Cruthaíonn an dá ghrúpa sin nasc luachmhar idir Éire agus a ndúichí féin agus cuireann siad deiseanna ar fáil chun neartú a dhéanamh ar naisc na hÉireann lena lán tíortha eile.

Tá pobail nua de dhiaspóra na hÉireann bunaithe i dtíortha ar nós na Polainne, de réir mar a d'fhill saoránaigh Éireannacha a rugadh in Éirinn do thuismitheoirí nach Éireannaigh iad, nó a rinneadh saoránaigh Éireannacha díobh agus iad fásta, ar a dtíortha tionscnaimh. Is mian linn go gcoinneodh na hÉireannaigh óga sin beo a gcuid ceangal le hÉirinn agus go mbeidís bródúil as a gcuid saoránachta Éireannaí.

**Fáiltímid roimh iarratais ar thacaíocht i gcomhair tionscadal le pobail nua diaspóra ina dtíortha cónaithe chun cabhrú leo a bhféiniúlacht Éireannach a choinneáil beo agus chun ceangail idir Éire agus a ndúichí féin a neartú.**

Náisiúntachtaí na nEisimireach ó Éirinn 2009-2014
*Foinse: CSO*



— Éireannaigh
— Stáit AE15 - AE28
— An Ríocht Aontaithe
— AE15 seachas Éire agus an Ríocht Aontaithe
— Náisiúntachtaí eile (16)

## Rannpháirtíocht le Céimithe

Cuid thábhachtach den rannpháirtíocht leis an diaspóra is ea caidreamh a chur ar bun agus a chothú le céimithe institiúidí tríú leibhéal na hÉireann, ó thaobh ceangal a bhunú le céimithe Éireannacha thar lear agus ceangal a bhunú le mic léinn neamh-Éireannacha a d'fhéadfadh bá éigin a bheith acu le hÉirinn go fóill. Baineann acmhainneacht ollmhór le ceangal den sórt sin, d'institiúidí tríú leibhéal na hÉireann agus don tír ina hiomláine. Beimid ag obair chun rannpháirtíocht níos mó a chothú le céimithe idirnáisiúnta. Beidh na meicníochtaí chun comhoibriú níos dlúithe, comhroinnt faisnéise agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt chun feabhas a chur ar an rannpháirtíocht le céimithe ina gcuid de Straitéis na Roinne Oideachais agus Scileanna um an Idirnáisiúnú 2015-2020.

**In 2015, seolfaimid Ciste Dúshláin do Chéimithe chun síolchistiú a chur ar fáil do thionscnaimh chomhoibritheacha nua arna mbunú ag institiúidí Éireannacha chun díriú ar a gcuid céimithe Éireannacha agus neamh-Éireannacha atá ag obair go hidirnáisiúnta.**




*An tAire Deenihan, Comhdháil Alumni KonnectAgain, Samhain 2014*

# Iarscríbhinn 1

## Gradaim Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin d'Éireannaigh Thar Lear

**2014**

**Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt**
Fionnula Flanagan (Na Stáit Aontaithe)
Thomas Keneally (An Astráil)

**Gnó agus Oideachas**
Jim Flaherty (básaithe, Ceanada)
Catherine Day (AE)
Colm McLoughlin (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)

**Oibreacha Carthanacha**
An tAthair PJ McGlinchey (An Chóiré)

**Tacaíocht do Phobal Éireannach**
Mary Allen (An Ríocht Aontaithe)
Avril Conroy (An Rúis)

**Síocháin, Athmhuintearas agus Forbairt**
Niall O'Dowd (Na Stáit Aontaithe)
Kevin Cahill (Na Stáit Aontaithe)

**2013**

**Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt**
Mick Moloney (Na Stáit Aontaithe)

**Gnó agus Oideachas**
Craig Barrett (Na Stáit Aontaithe)
John Martin (An Fhrainc)

**Oibreacha Carthanacha**
Anne Merriman (Uganda)
An tSiúr Cyril Mooney (An India)

**Tacaíocht do Phobal Éireannach**
Mary Tilki (An Ríocht Aontaithe)
Seamus McGarry (An Ríocht Aontaithe)
Rodney Walshe (An Nua-Shéalainn)

**Síocháin, Athmhuintearas agus Forbairt**
George Mitchell (Na Stáit Aontaithe)
An Ambasadóir Dan Rooney (Na Stáit Aontaithe)

**2012**

**Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt**
Pat Kelly (Ceanada)
Pierre Joannon (An Fhrainc)
Jim Stynes (básaithe, An Astráil)

**Gnó agus Oideachas**
Donald Keough (Na Stáit Aontaithe)
Andy Rogers (An Ríocht Aontaithe)

**Oibreacha Carthanacha**
Chuck Feeney (Na Stáit Aontaithe)

**Tacaíocht do Phobal Éireannach**
Sally Mulready (An Ríocht Aontaithe)
An tSiúr Lena Deevy (Na Stáit Aontaithe)

**Síocháin, Athmhuintearas agus Forbairt**
An tAthair Michael Kelly (An tSaimbia)
Loretta Brennan Glucksman (Na Stáit Aontaithe)

# Iarscríbhinn 2

## Ballraíocht an Choiste Idir-rannaigh maidir leis na hÉireannaigh thar Lear

**Ranna:**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
An Roinn Cosanta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Airgeadais
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
An Roinn Sláinte
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Roinn an Taoisigh
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Oifig na nOibreacha Poiblí
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**Gníomhaireachtaí:**

An Bord Bia
Fiontraíocht Éireann
IDA Éireann
Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Turasóireacht Éireann



# Avril Conroy
# Moscó
# An Rúis

**I dtús báire, ní raibh sé beartaithe agam riamh dul i bhfad ó Éirinn, ach fuair mé tairiscint gan choinne taisteal go dtí an Rúis tráth nach raibh aithne ar bith ar an tír sin agus a raibh mistéir mhór ag baint léi. Is deimhin gur i mbun eachtraíochta a bhí mé nuair a d'fhág mé Éire den chéad uair. Cheap mé an tráth sin go mbeinn imithe ar feadh bliana, nó dhá bhliain ar a mhéid. Ach tréimhse an-spreagúil a bhí i gceist, toisc go raibh an Rúis ag teacht amach as bheith faoi scáth an Aontais Shóivéadaigh, go háirithe in earnáil na miondíola do thomhaltóirí lenar briseadh talamh úr i mbeagán ama.**

Is breá liom tír na hÉireann, agus is iontach an teaghlach atá agam thiar sa bhaile. Tugaim cuairt orthu minic go leor, rud a fhágann nach ró-mhór ar fad a mhothaím an tír uaim. Is é is faide a bhíonn tú as baile, áfach, is ea is mó a mhothaíonn tú uait roinnt rudaí bunúsacha a bhaineann leis an saol ansin. Ach téann duine i gcleachtadh ar a bheith ag maireachtáil thar lear, agus coinníonn an saol scaollmhar, síor-athraitheach sa Rúis ar do chuid barraicíní thú. É sin ráite, tá mise i m'Uachtarán ar Chumann Ghnó na hÉireann i Moscó agus táim ar choiste stiúrtha Líonra Éireannaigh an Domhain, agus fágann mo chuid oibre sna róil sin go mbím i ndlúth-theagmháil leis an bpobal Éireannach i Moscó, agus lena bhfuil ar siúl sa bhaile chomh maith. Ní raibh mé i bhfad i Moscó nuair a chuaigh mé isteach i gClub na hÉireann, agus b'iontach an ceangal a bhí ann leis an mbaile agus lenár gcultúr, díreach mar is amhlaidh anois i gcás na nÉireannach a thagann go Moscó agus iad ag socrú síos i saol nua atá an-éagsúil ón gceann a raibh cleachtadh acu air.

Dhéanfá dearmad gur i lár na Rúise atá tú in aon chor le linn roinnt de na himeachtaí anseo i Moscó. Ar na himeachtaí is tábhachtaí díobh sin, tá an dá bhál Éireannacha de chuid Chlub na hÉireann (an Bál Bán i mí na Nollag, agus an Bál Iathghlas i mí an Mhárta), lena dtugtar le chéile thart ar 300 easaoránach Éireannach agus a gcuid cairde agus páirtithe Rúiseacha, agus Paráid Lá Fhéile Pádraig. Tá an Pharáid i Moscó a reáchtáil ó 1991 i leith agus is mór-imeacht teaghlaigh í go fóill, dá dtagann na mílte de mhuintir Mhoscó agus a dteaghlaigh amach agus iad glas, ban nó flannbhuí ó bhaithis go bonn.

Bíonn ceangal láidir le brath ag na himeachtaí sin, agus mothaíonn duine gur pribhléid agus cúis bhróid ollmhór é gur de bhunadh na hÉireann é nó í.

Toisc cónaí a bheith orm thar lear, táim fiú níos meáite ar chur chun cinn a dhéanamh ar na rudaí speisialta faoi Oileán Iathghlas na hÉireann a bhfuil an oiread grá againn orthu, ach nach mbíonn meas ceart againn orthu go dtí go mbímid i bhfad ó bhaile.

> **"Toisc cónaí a bheith orm thar lear, táim fiú níos meáite ar chur chun cinn a dhéanamh ar na rudaí speisialta faoi Oileán Iathghlas na hÉireann a bhfuil an oiread grá againn orthu."**